

Tuarascáil Bhliantúil

2018

Comhairle Contae Mhaigh Eo



Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

Seoladh :

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Áras an Chontae, An Meal,
Caisleán an Bharraigh, Co.
Mayo F23 WF90

Teagmháil :

F : + 353 94 9064000
I : www.mayo.ie
R : communications@mayococo.ie

RÉAMHRÁ	5
RÉAMHRÁ	5
RÁITEAS MISIN / FÍS.....	7
PLEAN CORPARÁIDEACH	8
COMHAIRLEOIRÍ CONTAE	9
CEANTAIR BHARDASACHA.....	12
COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA.....	22
CUMARSÁID, CÓRAIS FAISNÉISE & FORBAIRT CHORPARÁIDEACH	24
LÁRIONAD OILIÚNA RÉIGIÚNACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH.....	26
GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA.....	27
CUMARSÁID	28
OIFIG NA GAEILGE	30
FEASACHT AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE.....	32
AN FHO-RANNÓG PUNAINNE MAOINE & BAINISTÍOCHTA SÓCMHAINNÍ.....	35
AILTIRÍ	36
LEABHARLANN CHONTAE MHAIGH EO.....	39
OIFIG OIDHREACHTA MHAIGH EO.....	42
SEIRBHÍS EALAÍON.....	46
TEICNEOLAÍCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)	48
PLEANÁIL AGUS FORBAIRT POBAIL AGUS GHEILLEAGRACH	49
COISTE CÚRAIM LEANAÍ AN CHONTAE	55
COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO	57
OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL.....	59
INVEST.....	61
TURASÓIREACHT, ÁINEAS AGUS ÁISEANNA.....	63
AONAD LEATHANBHANDA & FORBARTHA DIGITÍ	66
PLEANÁIL & FORBAIRT	67
FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA.....	71
TITHÍOCHT, BÓITHRE & FORBAIRT SEIRBHÍSE	72
TITHÍOCHT.....	73
IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE.....	78
SOLÁTHAR & ATHBHREITHNIÚ ÉIFEACHTÚLACHTA	82
SEIRBHÍSÍ UISCE, COMHSHAOL, ATHRÚ AERÁIDE & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA	84
UISCE TUAITHE.....	86
COMHSHAOL, ATHRÚ AERÁIDE AGUS TALMHAÍOCHT	89

AN RANNÓG TRÉIDLIACHTA.....	92
SEIRBHÍS DÓITEÁIN CHONTAE MHAIGH EO.....	94
RIALÚ DÓITEÁIN RÉIGIÚN AN IARTHAIR	96
COSAINN SHIBHIALTA.....	97
SÁBHÁILTEACHT SAN UISCE.....	99
BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS & MÓTARCHÁIN.....	100
AIRGEADAS.....	102
MÓTARCHÁIN	107
AGUISÍN.....	113
AGUISÍN I–VI.....	113

RÉAMHRÁ

RÉAMHRÁ

Bhí an bhliain anuraidh 2018 ina caibidil shuimiúil eachtrúil eile i scéal leanúnach an Chontae seo atá ag teacht i dtreise arís. Le linn an dá mhí dhéag seo, neartaíodh ról an Údaráis Áitiúil seo, ról atá ag méadú i gcónaí, dul i bhfeidhm ar na Pobail agus ar an gContae a chuireann muid uile romhainn; is é sin Contae Mhaigh Eo ina chontae atá inbhuanaithe, ionchuimsitheach, rathúil agus bródúil. Bhí dul chun cinn suntasach le feiceáil ar rud an réimse uile seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an gComhairle seo nó i bpáirt léi, lena n-áirítear;



Blackie Gavin
CATHAOIRLEACH
Comhairle Contae Mhaigh
Eo



Peter Hynes
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
Comhairle Contae Mhaigh
Eo

Fiontraíocht ... Ba léiriú ar ár ról ó thaobh na fiontraíochta agus na hinfheistíochta ná go raibh fás i raon agus méid na seirbhísí a cuireadh ar fáil trínár nOifig Fiontair Áitiúil agus trínár nAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta.

Tithíocht ... Cuireadh dlús faoinár gClár Tithíochta i rith na bliana agus tháinig méadú ar thógálacha a críochnaíodh agus a tosaíodh go húr araon, mar fhreagra ar spriocanna uailmhianacha an Rialtais, spriocanna atá muid fós ag sárú.

Turasóireacht ... Bhí an méadú leanúnach i líon na gcuairteoirí ina léiriú ar thionchar táirgí nua agus na bolscaireachta a bunaíodh ar an ardán Mayo.ie. I rith chuairt an Phápa Proinsias, cuairt a tharraing aird an domhain, rinneadh sárthaispeántas den chomhoibriú réigiúnach, dírithe ar Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire. Cuireadh deiseanna nua corraitheacha ar fáil don éiceathurasóireacht i Maigh Eo láir le ceannach Eastát Mhuc-Chluana.

Uisce ... Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo le seirbhísí uisce a chur ar fáil thar ceann Uisce Éireann faoi Chomhaontú Seirbhíse agus rinne comhoibriú ar roinnt tionscadal caipitil tábhachtach i rith na bliana.

Iompar ... D'oibrigh muid go dlúth le Bonneagar Iompair Éireann chun an droichead nua do Chluain Gallán ar cheangal an N26 go Béal an Átha, agus Débhealach an N5 a thabharfaidh Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart le chéile mar aon chnuas amháin, a thabhairt i dtreo chéim na tógála.

Cultúr ... Lean na cláir spóirt, ionchuimsiú sóisialta, rannpháirtíocht phobail agus ealaíona atá á gcur ar fáil ag an gComhairle seo, lean siad leis an gcaighdeán saoil a shaibhriú dár pobail uile agus dár gcuairteoirí uile. Mar chuid de bhliain an-speisialta, ba cheiliúradh fíor-iontach nach ndéanfar dearmad uirthi í an tseachtain Other Voices i mBéal an Átha.

Níl iontu seo ag rogha randamach de chuid de na príomhghnéithe i mbliain ghnóthach agus muid ag obair

	<p>dian chun Maigh Eo a chur i lár an aonaigh don trí mhiliún go leith duine den teaghlach sínte a bhfuil an Contae seo mar áit dúchais dóibh. Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an bhformáid nua seo den Tuarascáil Bhliantúil agus go gcuirtear in iúl ann cuid den fhuinneamh agus den díograis atá ag an tríocha comhalta tofa agus an míle trí chéad ball foirne ina gcuid oibre laethúla ar do shon.</p> <p>Blackie Gavin Peter Hynes</p>
--	---

RÁITEAS MISIN / FÍS

RÁITEAS MISIN

“Leas agus caighdeán beatha mhuintir agus phobail Chontae Mhaigh Eo a fheabhsú, agus cur le tarraingteacht an Chontae mar áit chun cónaí ann, oibriú ann, cuairt a thabhairt air, infheistíocht a dhéanamh ann agus taitneamh a bhaint as.”

FÍS

Contae atá Inbhuanaithe, Cuimsitheach, Rathúil agus Bródúil

PLEAN CORPARÁIDEACH

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcroílár an phobail áitiúil agus is í atá taobh thiar cuid mhór d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Maigh Eo. Mar cheannaire daonlathach ar an gContae, seasaimid thar ceann na ndaoine agus soláthraíonn muid seirbhísí riachtanacha áitiúla atá lárnach do chaighdeán beatha na ndaoine go léir i Maigh Eo, bíodh siad ina gcónaí, ag obair, nó ar cuairt ann.

Ina theannta sin, agus í an príomhfhoras poiblí i Maigh Eo, tugann Comhairle Contae Mhaigh Eo tacaíocht do, agus éascaíonn sí dreamanna eile laistigh agus lasmuigh den Chontae atá freagrach as seirbhísí tábhachtacha poiblí. Nuair a chuireann muidne ár bhfreagrachtaí i gcrích, bíonn dreamanna eile in ann a n-oibleagáid a chomhlíonadh chomh maith.

Tá an Chomhairle i gcroílár na straitéise chun Maigh Eo a dhéanamh inbhuanaithe, cuimsitheach, rathúil agus bródúil. Tá ról lárnach ag an bPlean seo inár ngealltanais do Mhaigh Eo a chur i gcrích. Leagann muid amach ann ár misean mar an bhforas daonlathach a dhéanann ionadaíocht ar mhuintir Mhaigh Eo; tugann muid le fios ann gach a bhfuil sé i gceist againn a bhaint amach dár bpobail sna cúig bliana atá romhainn, agus an chaoi a bhfuil sé de rún againn ár ngealltanais dár bpobail a chur i gcrích.

Leagtar amach sa Plean seo chomh maith na cuspóirí atá againn agus an slat tomhais a úsáidfídh muid chun ár n-iarrachtaí a mheas ionas go mbeidh sé soiléir do mhuintir Mhaigh Eo go bhfuil muid ag cur ár ngealltanais dóibh i gcrích go héifeachtach.



Tá pobail agus daoine i gcroílár gach a ndéanann Comhairle Contae Mhaigh Eo. Déanann muid ionadaíocht ar na daoine trínár gcomhairleoirí agus is de phobal Mhaigh Eo iad ár mbaill foirne chomh maith, agus dá bhrí sin ba mhaith linn a chinntiú go dtéann gach beart a chuireann muid i gcrích sna cúig bliana amach romhainn chun leasa fhorbairt Mhaigh Eo, ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach araon.






Ní mór don Chomhairle a bheith rathúil má tá Contae Mhaigh Eo le bheith rathúil, agus leagann an Plean amach an chaoi a mbainfidh muid an rath sin amach mar Chomhairle.

COMHAIRLEOIRÍ CONTAE

Ceantar Bardasach Bhéal an Átha			
			
Michael Smyth CATHAOIRLEACH FF	Neil Cruise FG	Gerry Ginty Gan Pháirtí	Annie May Reape FF
			
Jarlath Munnelly FG	John O'Hara FG	Michael Loftus FF	Seamus Weir Gan Pháirtí
Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh			
			
Michael Kilcoyne CATHAOIRLEACH Gan Pháirtí	Cyril Burke FG	Frank Durcan Gan Pháirtí	Blackie K. Gavin FF CATHAOIRLEACH CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO

			
Henry Kenny FG	Martin McLoughlin FF	Al McDonnell FF	Joe Mc Hale SF

Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris			
			
Patsy O'Brien CATHAOIRLEACH FG	John Caulfield FF	Tom Connolly FG	John Cribbin FG
			
Richard Finn Gan Pháirtí	Gerry Murray SF	Damien Ryan FF	

Ceantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo			
			
Brendan Mulroy CATHAOIRLEACH FF	Gerry Coyle FG	Christy Hyland Gan Pháirtí	Tereasa McGuire FG
			
Paul McNamara FF	Michael Holmes Gan Pháirtí	Teresa Whelan SF	

CEANTAIR BHARDASACHA



Ceantar Bardasach Bhéal an Átha



Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh



Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris



Ceantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo

Le haghaidh Thuarascálacha Bliantúla na gCeantar Bardasach, féach Aguisín 1

CEANTAR BARDASACH
BHÉAL AN ÁTHA



BUAICPHOINTÍ 2018

1,491km DE BHÓITHRE NÁISIÚNTA, RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA	618 D'AONOID STOIC TITHÍOCHTA SA CHEANTAR BARDASACH
€478,830 ÍOCTHA I LEITH 113 IARRATAS AR DHEONTAS TITHÍCHTA	32,136 CUAIRTEOIR AR BHAILIÚCHÁN SHEÁIN UÍ CHLÉIRIGH
€3.2 Milliún I MAOINIÚ BRONNTA AR ATHNUACHAN DHÚN MÍLEATA BHÉAL AN ÁTHA	35 TIONÓNTACHT BHUANA LEITHDHÁILTE
AN GRADAM 'AN BAILE MÓR IS SLACHTMHAIRE IN ÉIRINN, 2018' BRONNTA AR BHÉAL AN ÁTHA	OIFIG MÓTARCHÁNACH BHÉAL AN ÁTHA 16,599 IDIRBHEART AR LUACH €2,644,598
CEADÚ TUGTHA CHUN 27 TEACH A THÓGÁIL I MBÉAL ÁTHA NA MUICE 10 DTEACH I MBÉAL EASA	OTHER VOICE REÁCHTÁILTE I MÍ MHEÁN FÓMHAIR
CRAOLADH RYAN TUBRIDY AGUS RTÉ Ó BHÉAL AN ÁTHA AR SHLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN	€1,191,500 CEADAITHE FAOIN SCÉIM IASACHTAÍ TITHÍOCHTA I LEITH 8 DTEAGHLACH IOMPÚ INA N-ÚINÉIRÍ TÍ

FÉACH AR IOMLÁN THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018 BHÉAL AN ÁTHA IN AGUISÍN 1

CEANTAR BARDASACH
CH AISLEÁN AN BHARRAIGH



BUAICPHOINTÍ 2018

	€938,000 DEIMHNITHE LE HAGHAIDH NASC BHEALACH GLAS UIRBEACH CH AISLEÁN AN BHARRAIGH
27 ACRA FAIGHTE AG LOCH AN EANAIGH TRÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHT LE CLG MHAIGH EO	OIFIG MÓTARCHÁNACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH 35,866 IDIRBHEART AR LUACH €5,985,810
CLÓS SPRAOI POBAIL THURLAIGH OSCAILTE GO HOIFIGIÚIL	80 ACRA FAIGHTE AG EASTÁT MHUC-CHLUANA, CEATHRÚ NA CON I GCOMHAR LEIS AN SPNF
€12.5 milliún AN FHORBRAÍOCHT AG LINN SNÁMHA CHAISLEÁN AN BHARRAIGH CURTHA I GCRÍCH	AN GRADAM FORIOMLÁN MÓRTAS CEANTAIR BUAITE AG BALLA SA CHATAGÓIR DAONRA 300–1000
107 DEONTAS CHUN TEACH A CHUR IN OIRIÚINT CEADAITHE I GCEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH AR LUACH €446,204.04	€1,924,800 LEITHDHÁILTE I LEITH OIBREACHA FEABHSÚCHÁIN PÁBHÁLA I MBAILE AN TOBAIR
	AN 9ú RÁS SPRAOI MIONMHARATÓN NA MBAN & SCOILEANNA REÁCHTÁILTE

FÉACH AR IOMLÁN THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018 CHAISLEAN AN BHARRAIGH IN AGUISÍN 1

CEANTAR BARDASACH
CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS



BUAICPHOINTÍ 2018	€213,806 CEADAITHE LE HAGHAIDH CHLÁR CHLAINNE MUIRIS €81,926 CEADAITHE LE HAGHAIDH BHAILE AN RÓBA I LEITH MAOINIÚ SCÉIMEANNA DEONTAS TITHÍOCHTA
€12,362,292 CAITE AR BHÓITHRE NÁISIÚNTA, BÓITHRE DEN DARA GRÁD AGUS BÓITHRE ÁITIÚLA SA CHEANTAR	200+ DUINE I LÁTHAIR AG COMHDHÁIL AR ÚSÁIDEOIRÍ BÓTHAIR SCOTHAOSTA I GCLÁR CHLAINNE MUIRIS
TIONSCADAIL CHAIPITIL CURTHA I GCRÍCH I GCEARNÓG CHLÁR CHLAINNE MUIRIS, CEARNÓG BHÉAL ÁTHA HAMHNAIS, SRÁIDBHAILE CHNOC MUIRE AGUS AERFORT IARTHAR ÉIREANN CHNOC MUIRE	BREITHMEAS TOSAITHE AR THIONSCADAL BÓTHAIR 55KM AN N17 AGUS CEADÚ BIÉ FAIGHTE
800 DUINE I LÁTHAIR AG AN OÍCHE BÍ GNÍOMHACH I MBAILE AN RÓBA DON CHÉAD SEACHTAIN EORPACH SPÓIRT	BREIS AGUS 6,000 CUAIRTEOIRÍ I LÁTHAIR AG AN IMEACHT LÁ MHAIGH EO I RÁSCHÚRSA BHAILE AN RÓBA
30 GABHA Ó ÁITEANNA AR FUD NA HÉIREANN AGUS NA RÍOCHTA AONTAITHE TAGTHA LE CHÉILE I MBAILE AN RÓBA DON FHÉILE OIDHREACHTA IARAINN AGUS CEARDAÍOCHTA	WI-FI POIBLÍ SAOR IN AISCE CURTHA AR FÁIL I GCNOC MUIRE
	CUAIRT AN PHÁPA AR SCRÍN CHNOC MUIRE

FÉACH AR IOMLÁN THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018 CHLÁR CHLAINNE MUIRIS IN AGUISÍN

1

CEANTAR BARDASACH
IARTHAR MHAIGH EO



BUAICPHOINTÍ 2018	21 AONAD TITHÍOCHTA I GCATHAIR NA MART 4 THEACH THUAITHE I MBÉAL AN MHUIRTHEAD 4 AONAD I MBAILE UÍ FHIACHÁIN TÓGTHA
OIFIG MÓTARCHÁNACH BHÉAL AN MHUIRTHEAD 7,336 IDIRBHEART AR LUACH €1,105,371	
€120,000 I MAOINIÚ FAOI CLÁR FAIGHTE CHUN OBAIR DEISIÚCHÁIN AR LINN TAOIDE BHÉAL AN MHUIRTHEAD	€339,000 LEITHDHÁILTE LE HAGHAIDH OIBREACHA AR OILEÁIN IARTHAR MHAIGH EO LENA N-ÁIRÍTEAR HÉILEAPAD AR INIS TOIRC
8 N-AONAD PHÍOBHÁIDEACHA 14 DHEASC OIBRE COMHIONAID AG IONAD FIONTRAÍOCHTA LEESON	BUAITEOIRÍ GHRADAIM NA MBAILTE SLACHTMHARA BÉAL AN MHUIRTHEAD AN MHALA RAITHNÍ AN GEATA MÓR CATHAIR NA MART
11 BHRATACH GHORMA BRONNTA AR THRÁNNA IARTHAR MHAIGH EO	
TAIRGEOIRÍ CURTHA AR GHEARRLIOSTA LE HAGHAIDH THIONSCADAL AN N5 Ó CHATHAIR NA MART GO TURLACH	GRADAM FÁILTE IRELAND NA MBAILTE CINN SCRÍBE BUAITE AG CATHAIR NA MART FAOIN GCLÁR SCOTHSHEIRBHÍSÍ


FÉACH AR IOMLÁN THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018 IARTHAR MHAIGH EO IN AGUISÍN 1

COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

<p>An CBS maidir le Cultúr, Oideachas, Oidhreacht, Gnóthaí Corparáideacha agus Seirbhísí Éigeandála An Comh. John Cribbin (Cathaoirleach) Tionóladh an CBS maidir le Cultúr, Oideachas, Oidhreacht, Gnóthaí Corparáideacha agus Seirbhísí Éigeandála 4 huaire in 2018 agus bhí an méid seo ar a gclár oibre:</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Dréachtphlean Straitéiseach Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2018–2022 • Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Mhaigh Eo • Comhaontú ar Chlár Imeachtaí 2019 de réir Straitéis Chomórtha Mhaigh Eo 2013–2023 • Dréachtscéim Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2018–2021 • Comhaontú ar Ghníomhaíochtaí Tosaíochta do 2019
<p>An CBS maidir le Forbairt Gheilleagrach agus Tacaíocht Fiontraíochta An Comh. Michael Kilcoyne (Cathaoirleach) Tionóladh an CBS maidir le Forbairt Gheilleagrach agus Tacaíocht Fiontraíochta 4 huaire in 2018 agus bhí an méid seo ar a gclár oibre:</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Crios Forbartha Straitéisí Aerfort Chnoc Mhuire • Tionscnaimh Forbartha Geilleagraí • Straitéis Spásúil agus Gheilleagrach Réigiúnach • Conair Gheilleagrach an Atlantaigh • Dul chun cinn na hOifige Fiontair Áitiúil • Straitéis Mara
<p>An CBS maidir le Tithíocht An Comh. Gerry Ginty (Cathaoirleach) Tionóladh an CBS maidir le Tithíocht 4 huaire in 2018 agus bhí an méid seo ar a gclár oibre:</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú Cíosa 2018 • Scéim Fheabhsaithe don Léasú Fadtéarmach ar Thithíocht Shóisialta • Straitéis don Earnáil Cíosa – Plean Feidhmithe • Plean Gníomhaíochta na dTithe Folmha agus Suirbhé Píolótach Allamuigh • Straitéis Iompraíochta Frithshóisialta • Cláir Tithíochta Caipitil agus Reatha • Athbhreithnithe ar na Deontais Tithíochta • Straitéis Tithíochta & Míchumais

<p>An CBS maidir le Pleanáil, an Comhshaol agus Talmhaíocht An Comh. Michael Smyth (Cathaoirleach) Tionóladh an CBS maidir Pleanáil, an Comhshaol agus Talmhaíocht 3 huaire in 2018 agus bhí an méid seo ar a gclár oibre:</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Plean Bainistíochta Abhantraí • Tuairisc Chigireachta ar Dhabhcha Séarachais • Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide • Fodhlíthe Dramhaíola Teaghlaigh • Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide • Straitéis Talmhaíochta Inbhuanaithe • Moladh do Chritéir Íosta don Phlean Cigireachta Comhshaoil 2018
<p>An CBS maidir le hlompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre An Comh. Brendan Mulroy (Cathaoirleach) Tionóladh an CBS maidir le hlompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre 3 huaire in 2018 agus bhí an méid seo ar a gclár oibre:</p>	<ul style="list-style-type: none"> • An Clár Bóithre Náisiúnta agus an Clár do Bhóithre nach bóithre náisiúnta iad • Sábháilteacht ar Bhóithre • Plean Seirbhísí Geimhridh • Bearradh Fáil • Bhuail toscairí ón CBS leis an BIÉ ag a n-oifigí i mBaile Átha Cliath chun stocaireacht a dhéanamh le haghaidh maoinithe do Líonra Bóithre Náisiúnta Mhaigh Eo.
<p>An CBS maidir le Turasóireacht agus Bia An Comh. John O'Hara (Cathaoirleach) Tionóladh an CBS maidir le Turasóireacht agus Bia 4 huaire in 2018 agus bhí an méid seo ar a gclár oibre:</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Plean Straitéiseach do Líonra Bealaí Glasa an Chontae • Forbraíochtaí ag Eastát Mhuc-Chluana • Breithniú ar fhoinsí maoinithe le haghaidh tionscadal • Margaíocht Turasóireachta

CUMARSÁID, CÓRAIS FAISNÉISE & FORBAIRT CHORPARÁIDEACH



SA CHUID SEO

Lárionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh
Seirbhísí Corparáideacha
An Rannóg Cumarsáide
Oifig na Gaeilge
Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre
An Fho-Rannóg Punainne Maoine & Bainistíochta Sócmhainní
Ailtirí
Leabharlann Chontae Mhaigh Eo
Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo
Seirbhís Ealaíon
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

LÁRIONAD OILIÚNA RÉIGIÚNACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

Cuireann Lárionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh oiliúint ardchaighdeán don ionad oibre ar fáil ar bhonn seirbhís roinnte le haghaidh sé Údarás Áitiúil chomh maith le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha eile san Iarthar agus sa réigiún Lár Tíre. Is é Comhairle Contae Mhaigh Eo an t-údarás ceannais.

Tá creidiúnú ag an áis ó SOLAS, QQI, City & Guilds agus ón ECITB agus tá fás leanúnach ag teacht uirthi le blianta beaga anuas, agus breis agus 6,600 lá oiliúna á sholáthar sa bhliain anois. Tá sé féinmhaoinitheach agus bhí láimhdeachas €1,298,706 ann in 2018.

Bunaíodh an Lárionad Oiliúna chun freastal ar oiliúint chuía sholáthar d'Údarás Áitiúla i dtrí phríomhréimse oibriúcháin, is é sin Bóithre, Uisce agus an Comhshaol. Bhí oiliúint san áireamh le déanaí go sonrach le haghaidh seirbhísí dóiteáin, tithíocht agus pleanáil. Cuireann an Lárionad raon leathan cúrsaí oiliúna ar fáil i gcúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde, cúrsaí Gairmiúla Ardleibhéil (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach), Ceannaireacht agus TFC. Tá an t-éileamh ar oiliúint ag méadú i gcónaí. Táthar ag bogadh i dtreo dearbhú cáilíochta agus tá creidiúnú OHSAS 18000/ISO 45000 ag mórán údarás áitiúil anois. Tá caighdeán soláthair, cosanta sonraí agus dearbhaithe Cáilíochta ar ardchaighdeán ag an lárionad. Tá téarnamh ag teacht ar an tionscal tógála agus tá méadú tagtha ón earnáil príobháideach agus ó bhail foirne nua an Údarás Áitiúil araon. Tá oiliúint do bhail foirne an comhaontaithe seirbhíse le hUisce Éireann á cur ar fáil ar fud an líonra lárionad oiliúna.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Ceadú faoi Chuid VIII d'áis oiliúna allamuigh den chineál is úire chun cúrsaí praiticiúla bóthair a chur ar fáil chomh le réimse leathan cúrsaí gléasra agus innealra.
- Gradam Barr Feabhais Oiliúna agus Forbartha bronnta ag Public Sector Magazine.

2018 | BHFÍGIÚIRÍ

Breis agus 6,600 lá oiliúna curtha ar fáil

Láimhdeachas €1,298,706

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA



SAORÁIL FAISNÉISE

Fuarthas iomlán de 142 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 in 2018.

FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

Caitheann Comhairle Contae Mhaigh Eo a dúthracht leis an bhFoghlaim agus Forbairt Acmhainní Daonna i dtreo is go mbainfimid ár gcuspóirí amach. Aithníonn muid go bhfuil caighdeán ard na seirbhíse a chuireann muid ar fáil don phobal bunaithe go hiomlán ar an bhfoireann dhílis, dhíograiseach atá againn. Tá muid den bharúil go bhfuil sé tábhachtach spiorad foirne a chothú i measc ár bhfostaithe trí bhithin Plean forásach Foghlama agus Forbartha a chur i bhfeidhm dár bhfoireann i gach réimse oibre faoinár gcúram.

CLÁR EITICE

Fuarthas na Dearbhuithe Bliantúla uile don bhliain 2018 ar ais ó na fostaithe agus comhaltaí tofa lena mbaineann siad laistigh den tréimhse reachtúil, cé is moite de sheisear fostaithe, ach fuarthas gach ceann de na sé dhearbhuí comhlánaithe dá éis sin.

AN TACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ní bhfuarthas aon ghearáin faoin Acht thuasluaite in 2018.

2018 | BHFÍGÍÚIRÍ – Acmhainní Daonna

74 earcach nua thar 28 grád/ról éagsúla

34 ball foirne imithe ar scor

36 comórtas earcaíochta reachtáilte le linn 2018

Glanmhéadú 44 i líon na foirne ó 2017 i leith

CUMARSÁID

Bíonn an Rannóg Cumarsáide ar a dícheall chun feacht an phobail a mhéadú maidir le ról agus ionchur Chomhairle Contae Mhaigh Eo mar sholáthraí seirbhísí agus mar cheannasaí pobail. Bhí 2018 ar cheann de na blianta ba ghnóthaí agus ba tháirgiúla go dtí seo.



Tá an Rannóg freagrach as forbairt leanúnach chumarsáid sheachtrach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, as caighdeán agus clúdach an eolais phoiblí faoi sheirbhísí agus polasaithe na Comhairle a fheabhsú, an chumarsáid inmheánach a fheabhsú agus branda an Chontae a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear.

Príomhróil na Rannóige seo is ea preasráitis agus ráitis meán cumarsáide a scríobh agus a shindeacáitiú, seirbhísí na hOifig Sábháilteachta ar Bhóithre agus Oifig na Gaeilge a chur ar fáil agus tacú le rannóga eile de chuid na Comhairle.

Baintear úsáid as na cainéil meán sóisialta, go háirithe Twitter agus Facebook, chun ceangal díreach a bheith againn lenár lucht féachana agus is é an suíomh idirlín Mayo.ie suíomh idirlín an údarais áitiúil ina ndéantar sárthaispeántas ar Mhaigh Eo mar áit idéalach chun cuairt a thabhairt air, ceangal a dhéanamh leis agus infheistíocht a dhéanamh ann. Tá ról lárnach ag na cainéil seo chomh maith chun tacú leis an bhfoireann bainistíochta éigeandálacha chun nuashonruithe eolais a chur in iúl don phobal agus do na meáin chumarsáide.

D'athlonnigh an Rannóg go hÁras an Chontae i lár 2018 agus is ann a chuireann sí seirbhís rithabhachtach tacaíochta ar fáil taobh istigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus cuireann seirbhísí inmheánacha ar fáil lena n-áirítear grianghrafadóireacht agus físghrafadóireacht, dearadh grafach agus comhairle maidir le brandáil agus imeachtaí agus seoltaí do gach rannóg.



Bhí Lá Mhaigh Eo 2018 ina fhíorcheiliúradh nach ndéanfar dearmad uirthi ar an gcontae agus ar mhuintir an Chontae. Bhí Ráschúrsa Bhaile an Róba i lár an aonaigh do ghníomhaíochtaí Lá Mhaigh Eo 2018, agus ba mhór an rath a bhí air le breis agus 6,000 duine i láthair. Ina measc bhí Taispeántas Ealaíontóirí Mhaigh Eo, an Tolglann Litríochta, Puball Ghaeltachtaí Mhaigh Eo, Sráidbhailte Ceoil & Bia, an Limistéar Spóirt, an Mol Ceardlainne agus an Seóthaispeántas Bia & Ceardaíochta agus iad lán le hatmaisféar agus fuadar na siamsaíochta agus gníomhaíochta.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Cuairt an Phápa Proinsias ar Scrín Chnoc Mhuire ina raibh ról criticiúil ag an Rannóg Cumarsáide comhordú a dhéanamh idir Comhairle Contae Mhaigh Eo, Rannóg tábhachtacha Rialtais agus geallsealbhóirí eile.
- Ainmníodh 7 dtionscadal de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo i sé chatagóir ag Gradaim LAMA 2018. Fógraíodh dhá thionscadal de chuid Mhaigh Eo mar bhuaiteoirí náisiúnta.
- Fógraíodh Comhairle Contae Mhaigh Eo mar Chomhairle na Bliana ag Gradaim LAMA 2018.
- Tarraingíodh aird ar thionscadail agus tionscnaimh thábhachtacha na Comhairle i ríomhírísí agus foilseacháin inmheánacha agus seachtracha a fhoilsítear go rialta.

2018 | BHFIGIÚIRÍ

Tugadh breis agus 490,000 cuairt ar leathanaigh Mayo.ie in 2018 agus bhí 137,577 úsáideoirí nua ag an suíomh

Tháinig méadú 34% ar líon na leantóirí ar Facebook suas go 31,651

Tháinig méadú 82.7% ar líon na leantóirí ar Twitter suas go 18,453

Bhí breis agus 6,000 cuairteoir i láthair ar Ráschúrsa Bhaile an Róba le haghaidh phríomh-imeacht Lá Mhaigh Eo.

OIFIG NA GAEILGE

Tá sé de chuspóir ag Oifig na Gaeilge úsáid na Gaeilge i gContae Mhaigh Eo a chothú agus a chur chun cinn, maille le Polasaí Gaeilge Údarás Áitiúil Mhaigh Eo a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.



I dteannta le feabhas a chur ar leibhéal na seirbhísí a chuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar fáil trí mheán na Gaeilge, lean an Chomhairle ag cur Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Scéim Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo i bhfeidhm i rith 2018. Cuireann Oifig na Gaeilge foireann na Comhairle ar an eolas faoina dualgais i leith na teanga, tugann faoi obair aistriúcháin, tugann comhairle i leith leaganacha cearta de logainmneacha le húsáid ar chomharthaí bóthair, agus déanann cinnte de go bhfuil suímh idirlín agus foilseacháin, foirmeacha iarratais, bileoga eolais agus rudaí áirithe eile ar fáil sa dá theanga oifigiúla.

Ina theannta sin oibríonn Oifig na Gaeilge go dlúth le heagraíochtaí eile Gaeilge i Maigh Eo maidir le cur chun cinn na teanga.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Rinneadh ceiliúradh ar an nGaeilge faoi théamaí éagsúla le haghaidh Bhliain na Gaeilge: athbheochan na teanga le 125 bliain anuas; cruthaitheacht na teanga; beocht na teanga; rannpháirtíocht an phobail; agus luach ár nGaeltachtaí.
- Don dara bliain as a chéile, reáchtáil Oifig na Gaeilge, i gcomhar le Togra Mhaigh Eo de Chonradh na Gaeilge – Lá Spraioi Teaghlaigh trí Ghaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge agus bhí rath as cuimse air.
- Bhí Lá Mhaigh Eo ina chuid mhór de phríomh-imeacht Made of Mayo a reáchtáladh i Ráschúrsa Bhaile an Róba ar an 5 Bealtaine 2018. Bhí an-ráchairt ar phuball Ghaeltachtaí Mhaigh Eo, áit ina ndearnadh sárthaispeántas de na trí réigiún Gaeltachta i Maigh Eo mar aon lena gcuid ealaíon, ceardaíocht, bia, ceol beo agus damhsa ar an sean-nós.

- Bhain 123 ball foirne de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo leas as na ranganna Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil arna réachtáil ag Gaelchultúr ar son Oifig na Gaeilge idir 2015 agus 2018
- Chun deiseanna a chur ar fáil agus a chur chun cinn do dhaoine bualadh le chéile agus Gaeilge a labhairt agus chun líonra de chainteoirí Gaeilge a fhorbairt ar fud an chontae, rinne Oifig na Gaeilge éascaíocht ar 'Lón Gaeilge' míosúil agus "Maidin Caife' míosúil i gCaisleán an Bharraigh, Baile an Róba, Coillte Mach, Béal an Átha agus Cathair na Mart. Is deis iad na imeachtaí seo don phobal an 'cúpla focal' a úsáid in atmaisféar réidh neamhfhoirmeálta.

FEASACHT AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tá clár oideachais agus feasachta ar Shábháilteacht ar Bhóithre á chur ar fáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Is éard atá i gceist leis seo ná cur chuige réamhghníomhach i leith ardán a thabhairt don fhaichill agus feasacht ar na contúirtí atá ina mbagairt ar na bóithre i Maigh Eo.



Tá sraith Clár Sábháilteachta ar Bhóithre á cur ar fáil ag an Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre don phobal trí na scoileanna/coláistí, grúpaí pobail, eagraíochtaí spóirt, gnóthaí agus tionscail áitiúla i Maigh Eo. Is é béim an oideachais ar Shábháilteacht ar Bhóithre ná úsáideoir soghonta bóithre, iompraíocht agus dearthaí tiománaithe, an fhreagracht shóisialta, tiomáin don obair, tiomáint faoi thionchar, agus sábháilteacht rothaithe. Oibríonn an oifig i gcomhar le Rannóga eile i gComhairle Contae Mhaigh Eo agus leis an gComhchoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre sa chontae, a chuimsíonn oifigigh ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, FSS an Iarthair, An Garda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an BIÉ, chun an Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre a fheidhmiú. I rith mhíonna an gheimhridh, eisiúnn an Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre leideanna laethúla maidir le sábháilteacht ar bhóithre sa gheimhreadh agus comhairle maidir leis an gclár cothabhála geimhridh.

Ba thionscnamh saor in aisce agus báuil le haois é TIOMÁINT GO SÁBHÁILTE GO CEANN I BHFAD chun cabhrú le tiománaithe níos sine a scileanna tiomána a fheabhsú agus a thabhairt suas chun dáta agus a bhfeasacht agus a mioneolas ar an timpeallacht reatha tiomána a mhéadú. Clúdaíodh réimse ábhar, lena n-áirítear athruithe sa dlí maidir le trácht ar bhóithre, leagan amach bóithre agus comharthaí tráchta, an chaoi a bhfuil athrú tagtha ar fheithiclíthar na blianta agus an chaoi a bhfuil forbairt tagtha ar scileanna agus nósanna tiomána.

Thug an Fhoireann um Shábháilteacht ar Bhóithre i gComhairle Contae Mhaigh Eo, Cór Tráchta an Gharda Síochána, Radharceolaí Oftalmach, Fisiteiripeoir agus Teagascóir Tiomána de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre cur i láthair agus comhairle maidir leis an gcaoi is fearr le tiomáint go sábháilte go ceann i bhfad sa saol.

Eagraíonn Grúpa Oibre Mhaigh Eo um Shábháilteacht ar Bhóithre, i mí Feabhra gach bliain, Seó Bóthair Mhaigh Eo um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá sé seo á reáchtáil ó 2007 i leith, agus tagann lucht féachana ó scoileanna sna contaetha máguaird chun freastail air, lena n-áirítear timpeall 1,500 daltaí ó 29 iar-bhunscoil.

San áireamh sa Seó tá cur i láthair ó chomhaltaí den Gharda Síochána, na Seirbhísí Otharcharr agus Dóiteáin, Comhairleach Leighis bunaithe sa Rannóg Timpistí agus Éigeandála in Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo, duine muinteartha le híospartach a bhásaigh i dtimpiste tráchta, duine a tháinig slán ó thimpiste cairr, agus adhlacóir, agus thug siad cuntas ar a dtáithí phearsanta ó dhéileáil le drochthimpiste tráchta bóithre. Tá an Seó Bóthair neamhbhalbh seo dírithe dhaltaí idirbhliana, agus spreagann tiománaithe óga agus iad siúd atá ar tí tosú amach ar thiomáin, dearcadh níos freagraí a bheith acu i dtéarmaí a n-iompair tiomána féin.

An Clár Oideachais

San áireamh leis seo tá cuairteanna ar scoileanna ón Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre, cur chun cinn an Mhaoir Shóisearaigh agus na Scéimeanna Oiliúna Rothaíochta i measc scoileanna. Le comhoibriú múinteoirí, an Garda Síochána agus tuismitheoirí, cuireann na scéimeanna seo go mór leis an bhfeasacht i leith Sábháilteacht ar Bhóithre.

An Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tá tacaíocht á cur ar fáil ag an Oifig do dhá Scéim Maoir Shóisearaigh sa chontae; ceann i mBéal Átha na Muice agus an ceann eile i Scoil Náisiúnta na Céibhe, Béal an Átha. Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo na héidí agus na comharthaí ar fáil. Tugtar na marcanna bóthair suas chun dáta go rialta. Gan an tacaíocht dhíograiseach ó phríomhoidí na scoileanna, ní bheifí in ann an scéim a choinneáil.

Cur Chun Cinn Ghinearálta na Sábháilteacht ar Bhóithre trí na Meáin Áitiúla

Feidhmíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo mar thaca leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus déanann fógraíocht ghinearálta sna nuachtáin áitiúla.

AN FHO-RANNÓG PUNAINNE MAOINE & BAINISTÍOCHTA SÓCMHAINNÍ

Tá sé mar chúram ag an bhFo-Rannóg sócmhainní maoin na Comhairle a shainithint agus a bhainistiú go héifeachtúil agus go héifeachtach, ioncam agus coigilteas a ghiniúint, agus bhrúigh sé mórán tionscadal eile ar aghaidh i rith 2018, lena n-áirítear Cláir na Maoin agus na Léasanna a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, mar aon leis an Tuairisc ar Luach ar Airgead – Sócmhainní Corparáideacha.

Cuireadh tionscadal píolótach i gcrích maidir le hAthrú Ainmneacha ar Chlárlann na Talún. Mar chuid den tionscadal seo, sainithníodh na maoin uile cláraithe do Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus do na Comhairlí Baile mar a bhí, in ainmneacha éagsúla thar na scórtha bliain, agus athainmníodh an t-úinéir mar Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Áras an Chontae mar sheoladh. Sainithníodh breis agus 40 ainm éagsúla úinéireachta i mbeagnach 2,000 fóilió. Cuireadh an tionscadal seo i gcrích ar chostas fíorbheag don eagraíocht mar gheall gur clár píolótach é le Clárlann na Talún agus éascóidh sé cuardaigh amach anseo.

Ullmhaíodh dréacht-Phrótacal Maoine don eagraíocht, ar áit lárnach é chun idirbhearta Chomhairle Contae Mhaigh Eo a bhainistiú bunaithe ar chur chuige na bainistíochta maoin corparáideach.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Íoslódáil déanta ar fhóilíonna uile na heagraíochta ó Údarás Clárúcháin Maoine na hÉireann (Clárlann na Talún)
- Cuireadh an tionscadal um athrú ainmneacha i gcrích
- Ullmhaíodh an dréacht-Phrótacal Maoine
- Bainistiú ar Chlár na Maoin agus na Léasanna

AILTIRÍ

Tá réimse leathan saineolaithe teicniúla inmheánacha i bhFo-Rannóg na nAiltirí, lena n-áirítear ailtirí, innealtóirí, teicneoirí ailtireachta agus sibhialta, gairneoirí, cléirigh oibreacha agus foireann chléireachais.



Tríd an Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, rinne Fo-Rannóg na nAiltirí bainistíocht tionscadail ar chúnamh deontais do mhórán struchtúr in 2018 a bhfuil suntasacht ailtireachta ag gabháil leo. Réitíodh an cúnamh deontais seo tríd an Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha agus trí Chiste na Struchtúr i mBaol curtha ar fáil ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. I measc na dtionscadal a maoiníodh bhí Eaglais na Tríonóide Naofa, Cathair na Mart; Robe Villa, Baile an Róba; Eaglais Naomh Muire, Cathair na Mart; Lóiste Thurlaigh, Turlach; Eaglais Naomh Cairtriona, Cluain Cearbán; Séipéal Naomh Séarlais Mairtíreach, Maolla; Seanteach an Reachtaire, Cathair na Mart; Teach Ghréacháin, Maolla; agus Teach Milford, Cill Mheáin.

Mar gheall ar mhaoiniú deontais a fuarthas do Bhaile an Róba faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus ón gComhairle Oidhreachta, faoi Thionscnamh na mBailte Stairiúla, 2018, bhíodhas in ann oibreacha caomhaontais a dhéanamh ar Theach Margaidh Bhaile an Róba, Siopa na mBreathnach, Robe Villa & Tailte Leabharlann Bhaile an Róba.

Fuarthas maoiniú chomh maith ó Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann don fhéile Architecture at the Edge 2018, agus cuireadh imeachtaí i láthair i gcomhar le geallsealbhóirí eile lena n-áirítear Oifig na nOibreacha Poiblí agus Comhairle Contae na Gaillimhe chun daoine a spreagadh le bheith ag plé lena dtimpeallacht thógtha agus chun bealaí nua a spreagadh chun smaoinemh faoin ailtireacht.

Rinne bainistiú ar dhearadh agus tógáil an halla teachta in Aerfort Iarthar na hÉireann chun áis a chur ar fáil do sheacht gcinn d'údaráis áitiúla chun fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí áitiúla agus an turasóireacht. Chuathas níos faide ná an cúram bunaidh agus cruthaíodh spás móra lán de sholas sa halla teachta. Fuair an tionscadal maoiniú ó REDZ, údaráis áitiúla comhpháirtíochta agus Aerfort Iarthar na hÉireann agus ba é an tAire Ring a d'oscail go foirmeálta é ar an 30 Samhain 2018.

BUAICPHOINTÍ 2018

Bhí an méid seo i measc na bpríomhthionscadal ar tugadh fúthu in 2018:

- Cuireadh tionscadail chaipitil i gcrích i gCearnóg Chlár Chlainne Mhuiris, Cearnóg Bhéal Átha hAmhnais, sráidbhaile Chnoc Mhuire, Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire, Corrán Mhuire, agus Teach Cúirte Bhéal Átha na Muice.
- Cuairt an Phápa ar Chnoc Mhuire i Lúnasa 2018. Oibreacha uasghrádaithe sráidbhaile, soláthar áiseanna páirceála agus monatóireacht ar na mílte cuairteoirí ar an lá féin.
- Cuireadh Céim 2 den fhorbraíocht reatha tithíochta sóisialta in Áit Aoibhinn, Cnoc Mhuire i gcrích go substaintiúil ar an 5 Deireadh Fómhair 2018. Is éard a bhí i gceist leis na hoibreacha ná tógáil ar cheithre aonad nua teaghaise, is é sin 3 aonad teaghlaigh dhá stór le 3 sheomra leapa agus 1 aonad singil le 2 sheomra leapa tógtha mar bhloic leathscoite.
- Cúnamh Deontais do roinnt tionscadal arna mbainistiú tríd an Oifigeach Caomhantais Ailtireachta. I measc na dtionscadal a maoiníodh bhí Eaglais na Tríonóide Naofa, Cathair na Mart; Robe Villa, Baile an Róba; Eaglais Naomh Muire, Cathair na Mart; Lóiste Thurlaigh, Turlach; Séipéal Naomh Séarlais Mairtíreach, Maolla; agus Seanteach an Reachtaire, Cathair na Mart.

2018 | BHFIGIÚIRÍ

An fhorbraíocht €12.5 milliún ag Linn Snámha Chaisleán an Bharraigh curtha i gcrích

Oibreacha uasghrádaithe sráidbhaile agus soláthar áiseanna páirceála i sráidbhaile Chnoc Mhuire roimh Chuairt an Phápa i mí Lúnasa 2018.

3 cinn d'aonaid teaghlaigh dhá stór le trí sheomra leapa agus 1 aonad singil le 2 sheomra leapa tógtha mar bhloic leathscoite in Áit Aoibhinn, Cnoc Mhuire



LEABHARLANN CHONTAE MHAIGH EO

Is iad Leabharlanna Mhaigh Eo an eagraíocht chultúrtha nó oidhreachta is mó sa chontae agus mheall siad breis agus 480,000 cuairt in 2018. Tá clár forleathan cultúrtha ag Leabharlanna Mhaigh le breis agus 350 reáchtáilte le linn na bliana, lena n-áirítear réimse leathan imeachtaí do leanaí, a chríochnaigh i mí Dheireadh Fómhair don Fhéile Leabhar do Leanaí agus mhair an mhí uile.



Tá clár forleathan cultúrtha á reáchtáil ag Leabharlanna Mhaigh Eo agus tá méadú ag teacht air gach bliain. Reáchtáladh breis agus 350 imeacht in 2018 sna leabharlanna sa chontae, lena n-áirítear taispeántais ealaíne, seoltaí leabhar, léachtaí, cainteanna gairme beatha agus cúrsaí ríomhaireachta saor in aisce, agus tuilleadh eile nach iad.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Thug Joanne O’Riordan (No Limbs, No Limits) cuairt ar Leabharlann Chathair na Mart mar chuid den tSeachtain Feasachta ar an Ionchuimsiú Sóisialta.
- Thug breise agus 350 leanbh páirt sna imeachtaí Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh i mbrainsí leabharlainne Mhaigh Eo le linn Shamhradh 2018.
- Faoi gclár ‘Éire Shláintiúil ag do Leabharlann’, reáchtáladh imeachtaí a chlúdaigh ábhair amhail an tuismitheoireacht dhearfach, an murtall agus alcól.
- Faoi chiste Mhaigh d’Éire Ildánach, tugadh tacaíocht do bhreis agus 30 féile, tionscadal agus tionscnamh thar an mbliain lena n-áirítear Cruinniú@the Barracks, Other Voices i mBéal an Átha, Féile Oidhreachta Iarainn agus Ceardaíochta Bhaile an Róba agus an fhéile Wild Atlantic Words.
- Faoi gclár Time to Read, tugadh cabhair do leanaí i scoileanna faoi mhíbhuntáiste grá don léitheoireacht a fhorbairt agus a bhféinmhuinín a mhéadú ag an am céanna, agus bhí sé á reáchtáil ag daoine deonacha ó fhoireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo thar thréimhse 20 seachtain.

Faoi seirbhís náisiúnta seachadta, is féidir leabhair ó aon leabharlann sa tír a sheachadadh chuig aon leabharlann i Maigh Eo taobh istigh de 2 lá.

Bhain breis agus 5,000 duine taitneamh as an bpríomh-imeacht, Cruinniú@the Barracks i mí an Mheithimh, lá spraoi teaghlaigh agus cruthaitheachta sa tSean-Bhairic i gCaisleán an Bharraigh chun ceiliúradh a dhéanamh ar Chruinniú na nÓg.

2018 | BHFIGIÚIRÍ

600,000 Breis agus 600,000 leabhar tógtha ar iasacht ag an 24,000 ball de Leabharlann Chontae Mhaigh Eo	1,000 Uirlisí ceoil tógtha ar iasacht tríd an Scéim Uirlisí Ceoil ar Iasacht, an t-aon cheann den chineál sin in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.
980 Leanaí páirteach sna Dúshláin Léitheoireachta Samhraidh agus breis agus 7,700 leabhar léite acu	50,000 Tá Bailiúchán Liam Lyons ar fáil ar shuíomh idirlín na leabharlainne do mhuintir Mhaigh Eo sa bhaile agus thar lear agus breis agus 50,000 íomhá ann.
Bailiúchán Sheáin Uí Chléirigh	
Gradam na mBratach Glasa do Pháirceanna An Gradam Bratach Glas do Pháirceanna coinnithe don dara bliain as a chéile, agus moladh faighte ó na breithiúna as ucht úsáid an phobail as na gairdíní le haghaidh ceardlann agus imeachtaí agus as ucht tionscnaimh pailnithe agus bithéagsúlachta.	Clár Intéirneachta Cuireadh fáilte roimh Ollscoil Villanova i Pennsylvania faoin gClár Intéirneachta Meiriceánach
5,000 Duine ar cuairt chuig an mBailiúchán ar Lá Oidhreachta Bhéal an Átha	Ireland's Edge – The Creative Space Ionchur tugtha do “Chósta Chéide” a bheith ar an ngearrliosta sna 3 Cheann Scríbe is fearr don Ghradam Eden.
Ryan Tubridy Live Óstáil déantar an Ryan Tubridy Show Live i mí na Bealtaine 2018	32,136 Cuairteoirí in 2018, méadú de bheagnach 10% ar 2017

OIFIG OIDHREACHTA MHAIGH EO

Ardaíonn an Oifig Oidhreachta feasacht, tugann comhairle, bailíonn sonraí agus cuireann an dea-chleachtas chun cinn maidir le hoidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha an chontae.



BUAICPHOINTÍ 2018

- Rinneadh suirbhé ar thrí shaintréitheacht d'fhoirgnimh stairiúla i mBaile an Róba agus ullmhaíodh tograí chun iad a oiriúnú le húsáid arís. Is é aidhm an tionscadail ná aird a tharraingt ar an acmhainneacht le haghaidh athúsáide i lár an bhaile; úinéirí agus áititheoirí an fhoirgnimh a spreagadh agus cabhrú leo; dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a léiriú agus treoir a chur ar fáil maidir le hoiriúnú le haghaidh athúsáide.
- I mí Dheireadh Fómhair, tháinig 30 gabha ó áiteanna ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe le chéile sa bhaile stairiúil Baile an Róba don Fhéile Oidhreachta Iarainn agus Ceardaíochta, chun beocht úr a chur sa cheardaíocht iarainn agus píosaí nua a chruthú.

SRACFHÉACHAINT AR 2018

In 2018, lean an Oifig Oidhreachta lena chuid oibre leanúnach le pobail, ag cabhrú leo faisnéis a bhailiú maidir leis an oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha agus í a chosaint agus a chur chun cinn. Bhí an méid seo i measc na bpríomhthionscadal ar tugadh fúthu:

- Suirbhé ar na Collchoillte i gCorr na Ráithe, Baile an Róba
- Seoladh an phlean Caomhantais agus Bainistíochta le haghaidh Reilig Chill tSéine, Baingear.
- Seoladh Léarscáil Gnáthóige Chathair na Mart agus an Phlean Bainistíochta Bithéagsúlachta

- Forbairt leanúnach ar an nGairdín Fiadhúlra agus Pailnithe i mBaile an Daighin
- Tionscadal Feabhsaithe Bithéagsúlachta Shráidbhaile Chill Mheáin
- Seoladh Thuarascáil Shlí Seandálaíochta agus Oidhreachta Chill Mobhí
- Féile Ballaí Cloiche an Mhala Raithní 2018

Pleananna Bithéagsúlachta Bailte agus Sráidbhailte

<p>Tá Pleananna Bithéagsúlachta á n-ullmhú agus á bhfeidhmiú anois le haghaidh roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae. Sainaitnítear sna pleananna seo limistéir áitiúla a bhfuil tábhacht bithéagsúlachta ag baint leo moltar bearta praiticiúla a fhéadann pobail áitiúla agus coistí Bailte Slachtmhara tabhairt fúthu chun oidhreacht nádúrtha a gceantar áitiúil a chaomhnú agus a fheabhsú. Tugtar tacaíocht, comhairle agus treoir phraiticiúil ar an láthair maidir leis na hoibreacha caomhantais dúlra do na pobail chun cur ar a gcumas tionscail óna bplean a chur i gcrích nó a thosú.</p>	<p>Maoiniú faoin bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta Rinneadh scannánú agus cuireadh le chéile Físeán Bithéagsúlachta Mhaigh Eo chun ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht agus bhithéagsúlacht Mhaigh Eo. Tarraingítear aird san fhíseán ar thábhacht an chaomhantais bithéagsúlachta, an nascachta éiceolaíoch, seirbhísí éiceachórais, lena n-áirítear oiriúnú athraithe aeráide agus an bonneagar glas, agus tugtar achoimre ar an méid atá daoine aonair in ann a dhéanamh chun an bhithéagsúlacht áitiúil a chosaint agus a fheabhsú.</p>
<p>Ceardlann Seiceála Sláinte, Béal an Átha I mí na Samhna 2018, i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta, reáchtáladh Ceardlann Oiliúna Seiceála Sláinte Lár Baile i mBéal an Átha dírithe ar bhailte ar fud Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh. D'fhreastail breis agus 60 ionadaí ar an gceardlann ó ghníomhaireachtaí rialtais agus údaráis sláinte lonnaithe ar fud na Conaire.</p>	<p>Ceardlanna Pailnithe Reáchtáladh ceardlanna le roinnt scoileanna agus pobal i Maigh Eo, lena n-áirítear Baile an Daighin, Cill Mheáin agus Baile an Róba. Is é aidhm na gceardlann seo ná aird a tharraingt ar luach na bithéagsúlachta, an tábhacht a bhaineann léi i gcomhthéacs áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus chun an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus Plean Uile-Éireann um Pailneoiría a chur chun cinn. Sna ceardlanna seo rinneadh iniúchadh ar cheisteanna áitiúla bithéagsúlachta agus moladh gníomhaíochtaí pobail.</p>
<p>Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha Chun ceiliúradh a dhéanamh ar Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha, foilsíodh Féilire Oidhreachta Mhaigh Eo 2018 in ómós d'oidhreacht chultúrtha Mhaigh Eo.</p>	<p>Féile Ballaí Cloiche na Mala Raithní 2018 Is cuid thábhachtach agus lárnach de thírdhreach na hÉireann iad na Ballaí Cloiche Tirime, agus reáchtáladh an 4ú Féile Bhliantúil Ballaí Cloiche an Mhala Raithní i mí na Bealtaine, a raibh clár corraitheach ag gabháil leis ina raibh cainteanna, taispeántais agus tógáil ballaí cloiche tirime ar fud Bhealach Glas an Iarthair ar an Mala Raithní, Co. Mhaigh Eo.</p>

Reáchtáladh breis agus 100 imeacht le haghaidh Sheachtain Oidhreachta 2018, agus an téama a bhí ann ná “Scéalta a Roinnt agus Ceangal a Dhéanamh”, lena n-áirítear siúlóidí oidhreachta, cainteanna agus taispeántais. Leis na imeachtaí seo, ar eagraigh pobail mórán

díobh, tugtar ardán d'oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha shaibhir agus éagsúil an chontae. Faoi Scéim Deontais Imeachtaí Sheachtain Oidhreachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo, tugadh tacaíocht do 25 pobal imeachtaí a reáchtáil agus a óstáil.

SEIRBHÍS EALAÍÓN

Tá n tSeirbhís Ealaíon freagrach as forbairt agus feidhmiú na seirbhísí a chuireann tacaíocht ar fáil do na hEalaíona i Maigh Eo. Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís cinntiú go bhfuil na hEalaíona agus na réimsíá bhaineann leis ar oscailt, taitneamhach, inrochtana agus dúshlánach don uile dhuine.



Gach bliain, oibríonn an tSeirbhís le healaíontóirí, féilte, ionaid agus grúpaí pobail, agus imríonn tionchar díreach ar shaol an 200,000 duine ar a laghad a bhaineann leas as tacaíochtaí díreacha na Seirbhíse agus a fhreastalaíonn ar imeachtaí a reáchtáiltear nó a mhaoinítear tríd an tSeirbhís Ealaíon.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Seoladh Phlean Straitéiseach Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2018–2022
- Gradam Film Mayo & Déantóir Scannán Éire Ildánach bronnta ar Fergus Sweeney
- Fuair an Tionscadal Tinteáin – Na hEalaíona do Dhaoine Scothaosta sa Bhaile – tacaíocht trí Éire Shláintiúil agus ainmníodh é le haghaidh Gradam Barr Feabhais Rialtais Áitiúil Chambers Ireland - Ag Cothú na nEalaíon
- Made of Mayo – Ealaíontóirí Mhaigh Eo, taispeántas de chuid Ealaíontóirí Mhaigh Eo ag Lá Mhaigh Eo, 2018
- Imeacht Write Now do Scríbhneoirí ag Loch an Eanaigh
- Faoin gClár Forbartha Gairmiúla 2018 d’Ealaíontóirí, Gairmithe Ealaíon agus Féilte, a fuair tacaíocht ó Éire Ildánach, cuireadh ar chumas 120 cinn d’ealaíontóirí agus áisitheoirí, foirne bainistíochta ionaid agus comhaltaí coistí féilte rochtain a fháil ar thacaíocht maidir le scríobh faoina gcuid oibre, tuairiscí a thabhairt ina leith agus í a phraghsáil; margaíocht d’fhéilte agus imeachtaí; máistir-ranganna d’áisitheoirí óg-dhrámaíochta; seisiúin mhargaíochta do lucht an tionscail scannán; agus oiliúint maidir le cothromas i leith lucht míchumais d’ionaid agus gairmithe ealaíon.

2018 | BHFIGIÚIRÍ

Ghlac 600 duine óg páirt sa chlár ealaíon óige EXCEL agus 2,500 leanaí agus daoine óga páirt in 10 gclár Music Generation.

D'oibrigh Scuid Ealaíon Mhaigh Eo le 40 grúpa pobail chun ceardlanna, tacaíocht d'fhéilte agus prapáí d'fhéilte agus imeachtaí a chur ar fáil.

Ghlac 300 duine scothaosta páirt gníomhach sa chlár Bealtaine

In 2018 eisíodh 3 Ghradam MCC Tyrone Guthrie, 13 Chúnaimh Ábhair & Taispeántais Fís-Ealaíon, 2 Chúnaimh Taifeadta Ceoil agus 1 Ghradam Drámaíochta Amaitéaraí.

Maoiniú comhpháirtíochta €144,000 curtha ar fáil do 7 n-ionad ealaíon le lucht féachana de bhreis agus 100,000 mar thaca dá n-obair

Ghlac 50 ionad agus grúpa cultúrtha páirt in Oíche Chultúir 2018. D'fhreastail breis agus 4,000 duine ar chlár de bhreis agus 70 imeacht saor in aisce.

14 dheontas d'fhéilte agus imeachtaí ealaíon faoi cheannas an phobail trí na hAchtanna Ealaíon.

TEICNEOLAÍCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Cuireann an Rannóg Córas Faisnéise Deasc Seirbhíse Tacaíochta TF ar fáil, chomh maith le Forbairt Córas, Bainistíocht Córas Faisnéise Geografaí & Sonraí, agus seirbhísí Slándála agus Bonneagair TF do Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Chomh maith leis na seirbhísí láir seo, tá an Rannóg freagrach as an gclár uailmhianach Bunathraithe Dhigitigh a sholáthar. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo Comhairle Contae Mhaigh Eo a shuíomh mar eiseamláirearnála ó thaobh tionscnaimh bunathraithe, chomh maith le bheith ina cheannaire ó thaobh na nuálaíochta teicniúla agus ina thiománaí d'éiceachóras digiteach den chéad scoth d'larthar na hÉireann. Agus na cuspóirí seo á mbaint amach, cuirfidh muid ardán digiteach ar fáil dár mbaill foirne, comhairleoirí, saoránaigh, cuairteoirí agus gnóthaí le haghaidh seachadadh feabhsaithe seirbhísí.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Príomhábhar imní is ea an tslándáil agus choinnigh an Rannóg a deimhniúcháin ISO27001:2005, agus is é an t-aon údarás áitiúil sa tír a bhfuil sé sin déanta acu.
- Leanadh le tabhairt isteach ar mbonneagair néalbhunaithe, lena n-áirítear córais comhdhála digití agus comhoibrithe.
- D'óstáil an Rannóg cuairteanna ó údarais áitiúla, gníomhaireachtaí agus Ranna eile Rialtais chun mioneolas agus cleachtas a roinnt ó thaobh feidhmiú ar n-ardán néalbhunaithe Office 365.
- Bhunaigh muid Grúpa Ceannródaithe Digiteachta chun an feidhmiú Microsoft Teams a thacú le haghaidh comhoibriú idir oifigí agus gníomhaireachtaí. Tá clár struchtúrtha oiliúna ar líne curtha ar fáil don fhoireann uile maidir le húsáid táirgí Microsoft Office 365.
- Rinneadh dúbláil ar luas an cheangail le líonraí an rialtais agus leis an idirlíon.
- Rinneadh dearadh agus tugadh tacaíocht d'uasghrádú chórais idirlín na leabharlann.
- Suiteáladh bonneagar agus córais TF d'Ionad Fóillíochta Loch an Eanaigh.
- Rinne an Fho-Rannóg Córas Faisnéise Geografaí (GIS) agus Sonraí uasghrádú ar ár mapáil ArcGIS agus córais bainistithe comhad leictreonach.
- D'oibrigh an fhoireann Bunathraithe Digiteach le rannóga na Comhairle chun catalóg seirbhísí a forbairt. Tá sé seo á forbairt i gcomhar le tionscnamh náisiúnta chun sainmhínte agus aitreabúidí coiteanna a forbairt le haghaidh seirbhísí comhairle ar fud na n-údarás áitiúil.

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT POBAIL AGUS GHEILLEAGRACH



SA CHUID SEO
Rannpháirtíocht sa Phobal
Coiste Cúraim Leanaí an Chontae
Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo
Oifig Fiontair Áitiúil
Infheistíocht
Forbairt Turasóireachta
Aonad Leathanbhanda
Pleanáil & Forbairt
Forfheidhmiú Pleanála



RANPHÁIRTÍOCHT SA PHOBAL

Tá an Rannóg Pobail agus Forbartha Comhtháite ag leanúint de bheith ag obair chun torthaí níos fearr a bhaint amach do phobail tríd an bhforbairt pobail agus áitiúil, rannpháirtíocht saoránach agus ionchuimsiú sóisialta a thacú i gContae Mhaigh Eo.

In 2018, thacaigh an Rannóg leis an bhforbairt áitiúil agus pobail trí éascú a dhéanamh go rathúil ar íostarraingt €6,508,418 i maoiniú poiblí isteach sa tír, agus é chun leasa 256 tionscadal áitiúil agus pobal trí raon scéimeanna náisiúnta.

Forbairt Chomhtháite & Éascú agus a Thacú, Forbairt Pobail & Ionchuirsiú Sóisialta

BUAICPHOINTÍ 2018

- Reáchtáladh comhdháil i gClár Chlainne Mhuiris do thiománaithe scothaosta ‘Tiomáint go Sábháilte go ceann i bhfad’ i gcomhar le Comhairle Scothaosta Mhaigh Eo agus breis agus 200 rannpháirtí i láthair. Bhí sé i gceist leis an tionscnamh báúil le haois seo cabhrú le tiománaithe scothaosta a scileanna tiomána a fheabhsú agus a thabhairt suas chun dáta agus a bhfeasacht agus a mioneolas ar an timpeallacht reatha tiomána a mhéadú.
- Reáchtáil an Grúpa Oibre um Ionchuisiú Sóisialta agus Forbairt Pobail de chuid CFPÁ Mhaigh Eo, i gcomhar le GMIT, seimineár an-rathúil le ceardlanna idirghníomhacha i mí an Mhárta 2018. Rinne painéal éagsúil d’ionadaithe pobail, oibrithe óige agus lucht acadúil plé ar ‘Na Glúine a Cheangal le Chéile – Contae Ionchuisitheach go Sóisialta a Thógáil’, agus rinne scrúdú ar an gcaoi a bhféadann na glúine éagsúla oibriú le chéile anois chun an scoiteacht, eisiaimh agus an t-imeallú a shárú.
- Deimhníodh maoiniú breise le haghaidh Tacaíochtaí Athlonnaithe do dhéanaithe faoi chlár an UNHCR a d’athlonnaigh sa Chontae trí Chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe Tá gníomhaireachtaí áitiúla ag leanúint de bheith ag obair le chéile in éineacht chun cur ar chumas na dteaghlach athlonnú agus comhtháthú ar bhealach lán dínite. Tarraingíodh aird náisiúnta agus idirnáisiúnta ar cheann amháin de na tionscnaimh áitiúla. Roinneadh ‘A Strong Heart’, leabhar ina n-insítear scéalta Leanaí Dídeanaithe i Maigh Eo, ag aitheasc leis an Aire Leanaí, Katherine Zappone, maidir le ‘Leanaí i gCoinbhleacht Armtha’ ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Bhí sé le feiceáil freisin ar an Six One News ar RTÉ.

TORTHAÍ MAOINITHE 2018

SCÉIM	SUIM CHEADAITHE	LÍON NA DTIONSCADAL MAOINITHE
Baile & Sráidbhaile	€1,183,615	11
CLÁR	€624,166	15
Clár Feabhsaithe Pobail	€423,077	146
LEADER	€4,165,561	72
Éire Shláintiúil	€112,000	12
IOMLÁN	€6,508,419	256

2018 I BHFIGIÚIRÍ

Conarthaí nua bronnta faoi Chlár SICAP Mhaigh Eo 2018–2023 ar luach iomlán bliantúil €1,269,910.	3
Líon na ndaoine i láthair ag seimineár CFPÁ Mhaigh Eo & GMIT i mí an Mhárta	300
Líon na dtionscadal áitiúil agus pobail a bhain tairbhe as €6,508,419 i maoiniú poiblí trí réimse scéimeanna náisiúnta	256

Rannpháirtíocht Phoiblí

Thacaigh an Fho-Rannóg Pobail & Forbartha Comhtháite go díreach leis na struchtúir rannpháirtíochta seo a leanas i rith 2018

- CFPÁ Mhaigh Eo
- Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla Mhaigh Eo
- Comhchoiste Póilíneachta Mhaigh Eo
- Grúpa Stiúrtha Chomhairle na nÓg
- Comhaontas Aoisbhá
- Comhairle Scothaosta Mhaigh Eo
- Grúpa Stiúrtha Pobal Feasta
- Grúpa Oibre Sláinte agus Leasa CFPÁ Mhaigh Eo
- Grúpa Oibre Oideachais agus Oiliúna CFPÁ Mhaigh Eo
- Grúpa Oibre CFPÁ Mhaigh Eo um Ionchuímsiú Sóisialta agus Forbairt Pobail
- Grúpa Rialachais Chiste Éire Shláintiúil
- Líonra Rannpháirtíochta Pobail Mhaigh Eo
- Coiste Athlonnaithe Dídeanaithe Mhaigh Eo

<p>Mórtas Ceantair 2018</p> <p>Bhí toradh na hoibre fíorlaidir i measc iontrálacha Mhaigh Eo le feiceáil ag gradaim náisiúnta Mórtas Ceantair 2018.</p> <p>Bhuaigh Balla an gradam don iontráil is fearr ar an iomlán sa chatagóir daonra 300–1000 agus fuair Brainse Iorrais de Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann an dara háit sa Chatagóir Pobail agus Leasa. Bhí tionscadal Chósta Céide ina ionadaí den scoth don Chontae i gcatagóir na Turasóireachta Pobail.</p>	<p>Comhchoiste Póilíneachta Mhaigh Eo a chur chun cinn</p> <p>Rinne Chathaoirleach an CCP, An Comh. Al McDonnell, agus an comhalta coiste, An Ceannfort Joe McKenna, mar aon le baill foirne de Chomhairle Contae Mhaigh Eo, freastal ar imeacht oiliúna de chuid Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann (AILG) i gCathair na Mart ag a raibh líon mór comhairleoirí contae ó áiteanna ar fud na tíre i láthair freisin.</p> <p>Thug cainteoiríó CCP Mhaigh Eo seisiún eolais ar an gcaoi a n-oibríonn CPC Mhaigh Eo agus thug achoimre ar an méid atá bainte amach aige go dtí seo. Tá an cur i láthair a tugadh ar an lá ar fáil anois ar shuíomh idirlín an AILG mar acmhainn oiliúna.</p>
--	---

COISTE CÚRAIM LEANAÍ AN CHONTAE

Tacaíonn Coiste Cúraim Leanaí an Chontae seachadadh na glár cúram agus oideachas luath-óige i Maigh Eo agus oibríonn i gcomhar agus i dteannta na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, Pobal agus na geallsealbhóirí uile san earnáil cúraim leanaí.



Cuireann an coiste eolas, tacaíocht agus treoir ar fáil maidir le Maoiniú Náisiúnta Cúraim Leanaí agus clár bhainteacha do thuismitheoirí, seirbhísí luathóige agus gníomhaireachtaí áitiúla a thugann tacaíocht airgeadais agus oideachais do na grúpaí seo.

I measc na glár a cuireadh chun cinn bhí an Bhliain Réamhscoile Saor in Aisce (ECCE), an Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal (CCS), an Clár Cúraim Leanaí Oiliúna agus Fostaíochta (TEC), an Fóirdheontas Athlonnaíochta um Chúram Leanaí sa Phobal (CSSR), Aistear agus Síolta – na creataí oibre náisiúnta caighdeáin agus curaclaim do na Luathbhlianta, Scéimeanna Deontais Tuismitheoirí & Tachrán, Scéimeanna Deontas Forbartha Cúraim Leanaí, Sparánchtaí Cistí Foghlaimoírí agus scéimeanna Deontas Caipitil ar Scála Beag. I gcomhar le Music Generation Mhaigh Eo, ainmníodh ‘Soundworlds’ do ghradam náisiúnta, clár luathbhlianta ceoil atá uathúil do Mhaigh Eo. Cuireadh an clár seo ar fáil do 10 gcinn de sheirbhísí luathbhlianta ar fud an chontae.

BUAICPHOINTÍ 2018

- D'oscail peileadóir le Maigh Eo, Tom Parsons, an pháirc spraoi athchóirithe ag Castle Kidz Childcare i gCeathrú an Chaisil. I mí an Mheithimh 2018, ceadaíodh maoiniú caipitil €11,355.00 ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige trí Pobal. Baineadh úsáid as an airgead seo chun an pháirc spraoi a dhraenáil agus trealamh nua a cheannach, agus é a aistriú isteach ina áit spraoi nádúrtha allamuigh le húsáid ag leanaí.
- I gcomhar le Music Generation Mhaigh Eo, ainmníodh 'Soundworlds' do ghradam náisiúnta, clár luathbhlianta ceoil atá uathúil do Mhaigh Eo. Cuireadh an clár ar fáil do 10 gcinn de sheirbhísí luathbhlianta ar fud an chontae.
- Tugadh an clár luathóige ióga Rainbows isteach do sheirbhísí luathbhlianta ar fud an chontae.

Tacaíocht tugtha do 129 seirbhís luathóige agus 3,000 leanbh ar an iomlán ar fud Mhaigh Eo

Tugadh Seimineár Leasa agus Ionchuimsithe do bhreis agus 90 oibrí agus gairmí luathbhlianta i mí Mheán Fómhair mar chuid den tSeachtain Náisiúnta Feasachta ar Ionchuimsiú Sóisialta

Oiliúint ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú tugtha do 90 oibrí cúraim leanaí ó 68 seirbhís

Iomlán de €10,395 faighte ag 23 Grúpa Tuismitheoirí agus Tachrán faoin Tionscnamh Náisiúnta Tuismitheoirí agus Tachrán

Iomlán de €16,434 i nDeontais Forbartha Cúramóirí Linbh dáilte ar 18 gcúramóir linbh

Oiliúint Cosanta agus Leasa Leanaí tugtha do 60 oibrí cúraim leanaí ó 42 seirbhís

Éascú déanta ar €30,000 i maoiniú caipitil do 5 cinn de Sheirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile

COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO

Bunaíodh Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo i mí na Samhna 2004 agus tá sé mar aidhm aici rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla a mhéadú i measc gach cuid den phobal.



Faigheann an Chomhpháirtíocht bunmhaoiniú ó Spórt Éireann agus tá sé á reáchtáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tá trí phríomhfheidhm ag an gComhpháirtíocht: Eolas – Is pointe tosaigh í don spórt i Maigh Eo. Oideachas – Deiseanna ardchaighdeáin a chur ar fáil le haghaidh cúrsaí oiliúna d’oibrithe deonacha. Feidhmiú – Chun polasaí spóirt a ullmhú don chontae trí phlean straitéiseach don spórt i Maigh Eo agus cláir rannpháirtíochta a roghnú chun freastal ar riachtanais áitiúla.

Cuireann an bhunfhoireann, in éineacht le foireann de bheagnach 30 teagascóir/cóitseálaí, cláir oiliúna agus rannpháirtíochta ar fáil thar ceann na comhpháirtíochta i réimsí amhail Cosaint Leanaí, Forbairt Clubanna, Oiliúint Ceannaireachta agus tuilleadh eile nach iad.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Gradam LAMA don Tionscnamh Is Fearr Sláinte & Leasa don chlár It’s For Girls
- Tionscadal píolótach Béal an Átha Sláintiúil bunaithe
- An 9ú Mionmharatón Ban Iarthar Éireann agus Rás Spraoi do Bhunscoileanna Bliantúil reáchtáilte
- An oíche Bí Gníomhach i mBaile an Róba don Chéad Seachtain Eorpach Spóirt
- Craobh Bollaí Bóthair na hÉireann Unlimited reáchtáilte in Achadh Ghobhair
- Oiliúint curtha ar chuardaitheoirí poist le bheith ina gcóitseálaithe spóirt i gCláir Cóitseála Pobail Chaisleán an Bharraigh agus Bhéal an Átha

2018 | BHFÍGIÚIRÍ

- 89 clár le 15,588 rannpháirtí.
- 18 gClár Spóirt Míchumais le 526 rannpháirtí
- 1,000 tagtha amach le haghaidh 8 siúlóid Operation Transformation ar fud an chontae
- Páirt glactha ag 800 leanbh sa 5ú Mionrás Spraoi 2km do Bhunscoileanna
- Páirt glactha ag 3,000 Leanbh Bunscoile in 35 Bunscoil sa chlár Míle Laethúil
- Páirt glactha ag 1,600 reathaí, bogshodaire agus siúlóir sa 9ú Mionmharatón na mBan Iarthar Éireann
- Páirt glactha ag 1,200 in 25 imeacht do Sheachtain na Rothaíochta ar fud an chontae
- 800 duine i láthair ag an oíche Bí Gníomhach i mBaile an Róba don chéad Seachtain Eorpach Spóirt

Tá Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo gníomhach freisin i roinnt clár, tionscadal agus tionscnamh spriocdhírthe a éascú agus a chomhordú i gceantair áitiúla. I measc na spriocghrúpaí tá an Lucht faoi Mhíbhuntáiste, an Óige i mBaol, Daoine faoi Mhíchumas, Cailíní sna Déaga/Mná, Daoine Scothaosta agus Lucht Dífhostaíochta.

Le linn 2018, leithdháileadh maoiniú ar roinnt tionscnamh, lena n-áirítear €30,000 le haghaidh Trealamhlann Spóirt faoi mhaoiniú Éire Shláintiúil, dáileadh €20,000 ar 36 club/eagraíocht spóirt faoi Scéim Deontais Bhliantúil na Comhpháirtíochta Spóirt agus leithdháileadh €14,840 ar 52 grúpa daoine scothaosta sa Scéim Deontais Go for Life. Fuarthas €400,000 eile ó Spóirt Éireann agus ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

Tá Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Mhaigh Eo ina chuid de líonra náisiúnta d'Oifigí Fiontair Áitiúla a bunaíodh de réir pholasaí an Rialtais in 2014, agus tá an Oifig mar chuid den Aonad Fiontraíochta agus Infheistíochta taobh istigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus gníomhaíonn mar phointe tosaigh d'aon duine ag lorg eolais agus tacaíochta maidir le gnó a thosú nó a fhorbairt i Maigh Eo.



Tacaíonn OFÁ Mhaigh Eo forbairt na fiontraíochta áitiúla agus cuireann micreaghnothaí agus gnóthaí beaga i gcroílár an chruthaithe fostaíochta, agus tacaíonn gnólachtaí nuabhunaithe agus saothraíonn le cur ar chumas micreaghnothaí nua agus reatha fostaíocht a chruthú trí rochtain a chur ar fáil ar eolas, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus tacaíocht airgeadais i gcúinsí áirithe. Is iad príomhréimsí oibre OFÁ Mhaigh Eo ná soláthar eolais agus comhairle i dtaobh cúrsaí gnó, seirbhísí tacaíochta fiontair, tacaíocht d'fhiontraithe agus seirbhísí forbartha fiontair áitiúil thar ceann Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Tá OFÁ Mhaigh Eo maoinithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (via Fiontraíocht Éireann), Comhairle Contae Mhaigh Eo, agus ioncam a ghintear ó tháillíar chláir agus tionscnaimh eile. Feidhmíonn sé de réir Comhaontú Seirbhíse idir Fiontraíocht Éireann agus Comhairle Contae Mhaigh Eo.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Príomhurráitheoir ar an gcéad Chomhdháil Bunathruithe Digiteacha a reáchtáladh i mBéal an Átha. Dhírigh an chomhdháil chorráitheach, nuálaíoch idirnáisiúnta seo ar thionchar cultúrtha na digiteachta ar an tsochaí.
- Rinne comhpháirtíocht le OFÁ Ros Comáin agus OFÁ an Longfoirt chun 16 ghnó a thabhairt go Tuaisceart Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna easpórtála trí chruinnithe saincheaptha duine ar dhuine le páirtithe leasmhara. Bhí sé ghnó ó Mhaigh Eo páirteach sa tionscnamh.
- Bhí dhá ghnó, Daniel Loftus ó Urban Fox agus John McNicholas ó Inspire Tiles and Stone, ann mar ionadaithe Mhaigh Eo ag craobh náisiúnta Fiontraí Óg Uile-Éireann na Bliana.
- Bhuaigh dhá scoil i Maigh Eo gradaim as ucht Maoin Intleachta ag craobh náisiúnta an Chláir Fiontraíochta do Mhic Léinn.
- Bhí Fergal O'Connor le Buymedia mar ionadaí ag Maigh Eo ag Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta 2018.
- Reáchtáladh Seachtain Smaointe Mhaigh Eo ón 22 go dtí an 29 Meán Fómhair 2018. Mar chuid de chlár n-imeachtaí, reáchtáil an OFÁ dhá cheardlann ar Megatrends agus ar thodhchaí na hoibre agus an chaoi a rachaidh siad i bhfeidhm ar chúrsaí gnó. I measc na n-imeachtaí eile, bhí Clinic Nuálaíochta, Comhdháil ar Spiorad na Fiontraíochta, agus Ceardlann Spotsolais ar Scileanna.
- Taispeántas le tabhairt ag na fiontair ar tugadh tacaíocht dóibh ag sárthaispeántas agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta


2018 | BHFIGIÚIRÍ

130 post glan cruthaithe ag cliantchomhlachtaí OFÁ Mhaigh Eo
Seirbhísí meantóireachta saor in aisce faighte ag 293 cliant
Páirt glactha ag 989 cliant i gcláir oiliúna fóirdheonaithe
Reáchtáladh 9 n-imeacht le haghaidh fiontraíthe nua agus reatha le linn Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla
Ghlac 23 scoil ó áiteanna ar fud an chontae páirt sa Chlár Fiontraíochta Mac Léinn
Éascú déanta ag OFÁ Mhaigh Eo ar 6 iarratas do Mhicrea-Airgeadas Éireann
€452,903 i ndeontais chaipitil ceadaithe le haghaidh cliantchomhlachtaí
Páirt glactha ag 8 gcomhlacht ar fud an chontae sa chlár Lean for Micro
Dearbháin Trádála ar Líne suas le luach €2,500 an ceann faighte ag 43 iarratasóir
Leas bainte ag 31 cliant as an deontas Cúnaimh Theicniúil do Mhicrea-Easpórtálaithe
Reáchtáladh 14 chlinic comhairleach gnó ar fud an chontae

Tá OFÁ Mhaigh Eo ag súil le bliain eile bhisiúil, nuálaíoch in 2019, agus béim ar leith ar chlár náisiúnta na nOifigí Fiontair Áitiúil a chur ar fáil, mar aon le tionscnaimh áitiúla, réigiúnacha agus idirnáisiúnta, cosúil leo siúd a cuireadh ar fáil in 2018, ach béim ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus deiseanna reatha i gcúrsaí gnó, amhail an Breatimeacht, chun timpeallacht a chur chun cinn ina bhféadfaidh rath a bheith ar mhicreafhiontair atá ag teacht chun cinn, nua agus reatha i Maigh Eo.

INVEST

Cuireann Invest forbairt eacnamaíoch an chontae chun cinn trí chomhordú na dtacaíochtaí fiontraíochta atá ar fáil d'infheisteoirí féideartha.



Ba é Ceathrú Nuálaíochta Bhéal an Átha an tionscadal ba mhó ar thug Invest faoi in 2018. Faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí 2018, roghnaíodh Dún Míleata Bhéal an Átha le haghaidh athchóirithe suntasacha. Baineann an togra le hathfhorbairt iomlán na bhfoirgneamh mar spreagadh don athghiniúint uirbeach. Athrófar an áis ó bhonn isteach ina áit bhríomhar, fhuinniúil, fiontraíoch suite i réimse tarraingteach poiblí, agus is é an toradh a bheidh air ná go mbeidh gné bhreise ardchaighdeáin leis an mbonneagar réigiúnach fiontraíochta. Beidh ról an chlaohlaithe i gceist le Ceathrú Nuálaíochta Bhéal an Átha chun an baile a shuíomh mar láthair tharraingteach chun infheistiú ann agus ag an am céanna éiceachóras agus ardán a chur ar fáil d'fhiontair nuathionscanta áitiúla a mbeidh siad in ann fás uaidh agus a n-iarrachtaí fiontraíochta a chothú.

Tá obair fós ag dul ar aghaidh le forbróirí agus comhairleoirí ionchais chun suíomh Pháirc Ghnó Chill Ala a chur chun cinn mar shuíomh féideartha do Lárionad Sonraí. Tá comhaontú déanta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo le Avaio Capital chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le Lárionad Sonraí a shuíomh ar thailte an Údaráis Áitiúil atá suite taobh istigh de Pháirc Ghnó Chill Ala. Tá pointe uathúil díolacháin ag an láthair seo mar Lárionad Sonraí tar éis gur cuireadh tionscadal America Europe Connect, is é sin cábla snáthoptaice faoi thoinn, i gcrích in 2016.

Leanadh leis an athfhorbairt ar Mhol Cruthaitheachta Theach Cúirte Bhéal Átha na Muice i rith 2018. Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maoiniú le haghaidh uasghrádú téimh, soilsithe agus inslithe don Teach Cúirte le cúnamh ón Iarratas ar Dheontas Pobail Fuinnimh Níos Fearr (BEC). I measc na n-oibreacha bhí suiteáil ar phainéil fótvoltacha chun cabhrú an t-uasghrádú téimh agus soilsithe a chumhachtú.

Leanadh le hoibreacha ar phleananna chun láthair oiriúnach thástála a chur ar fáil le haghaidh an Power Plan de chuid E.On Power agus Ampyx Power. Is éard atá i gceist le tionscadal na Láithreach Tástála Ampyx Power ná eitleán a thiontaíonn gaoth isteach ina leictreachas. Tá idirbheartaíocht ag dul ar aghaidh le Bord na Móna ar láthair chuí a ligean ar léas de réir mar a bhogann staidéir timpeallachta ar aghaidh. Tá sé beartaithe ag Ampyx Power a bheith ar an gcéad úsáideoir as an láthair taispeántais seo, a chuireann féidearthachtaí ar fáil le haghaidh comhoibriú le réimse comhlachtaí atá ina gceannródaithe den teicneolaíocht cumhachta gaoithe aeriompartha ar fud an domhain. Leis an deis seo, tá Contae Mhaigh Eo in ann a bheith ag obair taobh leis na nuálaithe ceannais sa réimse seo.

TURASÓIREACHT, ÁINEAS AGUS ÁISEANNA

Bunaíodh Rannóg nua Turasóireachta, Áineasa agus Áiseanna i gComhairle Contae Mhaigh Eo in 2018 chun an fócas ar acmhainní a dhíriú.



Tá trí fho-rannóg sa Rannóg nua: Forbairt Turasóireachta, Margaíocht agus Líonraí; Forbairt Bonneagair agus Áiseanna; agus Áineas agus Áiseanna.

I measc na bpríomhréimsí fócais don Rannóg Turasóireachta, Áineasa agus Áiseanna tá an fhorbairt agus feidhmiú leanúnach ar Phlean Gníomhaíochta Straitéis Turasóireachta Mhaigh Eo ‘Destination Mayo: Straitéis Forbartha Turasóireachta i gContae Mhaigh Eo 2016–2021’ agus forbairt ar phlean uile-chontae Áineasa agus Áiseanna.

Is é príomhchuspóir na Rannóige ná an contae a shuíomh mar an rogha cinn scríbe do chuartheoirí intíre agus idirnáisiúnta. Bunghné dó seo is ea a bheith ag obair go comhoibríoch le comhpháirtithe sa tionscal turasóireachta chun tarraingtí agus eispéiris chorráitheacha nuálaíocha do chuartheoirí a fhorbairt agus a chur chun cinn.

I measc na dtarraingtí a ndearna an Rannóg comhordú agus pleanáil orthu bhí Iarnród Rothar Choillte Mach, Pointe Sár-Radhairc Chuan na Coime ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus an tIonad Fionnachtana do Chuartheoiríag Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire.

Tá comhpháirtíochtaí le grúpaí, amhail Cumann na dTionscnóirí Turas Isteach (ITOA), suntasach ó thaobh na turasóireachta sa chontae agus tá an cumas iontu méadú a dhéanamh ar líon na gcuairteoirí ó thír isteach chun an chontae, go háirithe le linn an tséasúir chiúin.

Sa phlean margaíochta uailmhianach a cuireadh ar fáil in 2018, cuireadh san áireamh a oiread is fearr is féidir a bhaint as cainéil na teilifíse, an raidió, na meán clóite agus na meán

sóisialta agus comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí táirgeachta meán cumarsáide, scríbhneoirí agus iriseoirí taistil. San áireamh sa phlean freisin bhí a oiread is fearr is féidir a bhaint as Imeachtaí Promóisin Gnó na Turasóireachta, próifíl an chontae a ardú agus naisc idir gnólacht le gnólacht a mhéadú.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Clúdach idirnáisiúnta do Mhaigh Eo agus do Ghlasbhealach Mór an Iarthair sa New York Times, sa Seattle Times agus sa Japan Times
- Gradaim Náisiúnta Outsider – Feachtas Margaíochta #WildMayo
- Ceadú maoinithe le haghaidh Glasbhealach Chluain Cearbán, Siúlán Bower’s i mBaile an Róba, an tlonad Fáilte ag Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire agus Pointe Sár-Radhairc na Coime
- Éascú déanta chun comhdháil bhliantúil Chumann na dTionscnóirí Turas Isteach a óstáil ag Ashford Castle

2018 | BHFIGIÚIRÍ

35 Pointe Sár-Radhairc de chuid Shlí an Atlantaigh Fhiáin i Maigh Eo

Maoiniú €32,500 faighte le haghaidh féilte

9,250 cuairteoir agus €1.2 milliún tugtha isteach sa gheilleagar áitiúil mar thoradh díreach ar láithreach ag seónna trádála

80 acra faighte in Eastát Mhuc-Chluana leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra 27 faighte ag Loch an Eanaigh le CLG Mhaigh Eo

15 tharraingt turasóireachta i Maigh Eo luaite le cur san áireamh i gCúrsaí Taistil ITOA le haghaidh 2019


80 acra faighte ag Comhairle Contae Mhaigh Eo in Eastát Mhuc-Chluana agus pleananna déanta chun é a fhorbairt mar tharraingt turasóireachta agus tearmann dúlra le tábhacht náisiúnta.

I gcomhpháirt le CLG Mhaigh Eo, fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo 27 acra de thalamh ag Loch an Eanaigh lena fhorbairt mar áis Turasóireachta Spóirt agus Áineasa le tábhacht náisiúnta.

AONAD LEATHANBHANDA & FORBARTHA DIGITÍ

AONAD LEATHANBHANDA

Bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo ar cheann de na chéad údarás áitiúil chun Straitéis Dhigiteach a choimisiúnú agus a fhoilsiú in 2014, agus é ina threochlár le haghaidh obair an Aonaid Leathanbhanda. Agus muid ag fanacht ar dhámhachtain an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá obair ullmhúcháin i leith an phlean fós idirlámha.



BUAICPHOINTÍ 2018

- Chuir Magnet Networks, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Wi-Fi poiblí saor in aisce ar fáil in am le haghaidh chuairt an Phápa Proinsias i mí Lúnasa 2018. Tá obair idirlámha ar thionscadal Wi-Fi saor in aisce den chineál céanna i gCathair na Mart.
- Leithdháileadh €60,000 i maoiniú Eorpach do Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoin tionscnamh WiFi4EU chun tacú le suiteáil ball te Wi-Fi saor in aisce don phobal i gcroílár an tsoil phoiblí ar fud an chontae. D'fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail go maitseálfadh sé maoiniú agus dá réir go mbeadh maoiniú iomlán de €120,000 ar fáil.
- Ba é an toradh a bhí ar iarratas rathúil ar an gCiste Nuálaíochta Digití de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail ná maoiniú €16,244 i leith tionscadal chun taifeadh digiteach a dhéanamh ar an mbonneagar ductaithe teileachumarsáide i gContae Mhaigh Eo.
- Ba é an toradh a bhí ar an dara iarratas rathúil ón Aonad Leathanbhanda ar an gCiste Nuálaíochta Digití ná go bhfuarthas cúnamh €50,000 don Tionscadal Cartlainne Digití Turas Siar trína ndéanfar digitiú, catalógú agus cartlannú ar bhailiúchán fairsing de stairsheanchas agus béaloideas na hÉireann, rud a chaomhnóidh an bailiúchán agus a chuirfidh é ar fáil go réidh ar bhealach inchoardaithe ar an idirlíon agus ceangal breise a dhéanamh le Diaspóra na hÉireann.

PLEANÁIL & FORBAIRT

Déanann an Fho-Rannóg Bainistíochta Forbartha próiseáil ar gach iarratas pleanála, lena n-áirítear iad siúd ó na hiarlimistéir Comhairle Baile i mBéal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart. Tá athrú tagtha ar an mbéim taobh istigh den Fho-Rannóg Bainistíochta Forbartha ó fheidhm rialaithe pleanála (iarratais phleanála a phróiseáil) go feidhm forbartha geilleagraí agus cúnamh a thabhairt don fhorbairt ar fud gach baile agus limistéar sa Chontae.



Íomhá © Sean O'Dowd

BUAICPHOINTÍ 2018

- Tobhach na Láithreán Folamh agus Clár na Láithreán Folamh
Bhí 14 láthair i mbailte Bhéal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart san áireamh ar Chlár na Láithreán Folamh a foilsíodh ar an 1 Eanáir 2018. Rinne an Bord Pleanála cinneadh i leith 9 n-achomharc (i leith láithreacha taobh istigh de Bhéal an Átha agus Cathair na Mart) agus shocraigh go mbainfí gach láthair ón gClár in 2018. Mheas an Bord nach léireofaí ina mheasúnú féin ar an Straitéis Tithíochta agus ar an gCroí-Straitéis go mbeadh gá le tithíocht sa cheantar, agus dá réir theip ar ghné an riachtanais tithíochta de riachtanas an Achta. Bhain an Chomhairle gach láthair fanta ón gClár de bhun na gcinntí a rinne an Bord Pleanála.
- Straitéis Spásúil agus Gheilleagrach Réigiúnach (SSGR)
Chomhordaigh agus réitigh an Fho-Rannóg Réamhphleanála den Chomhairle aighneachtaí na Comhairle maidir le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, Páipéar Saincheisteanna agus Dréacht Oibre SSGR agus Dréacht SSGR in 2018. Tá an ceann deiridh den Straitéis Réigiúnach Spásúil & Gheilleagrach dlite le foilsiú i bhfómhar 2019.
- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae 2020–2026
Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae i mí Aibreáin 2018. Reáchtáladh oícheanta eolais poiblí gcúig cinn d'oifigílimistéir ar fud an chontae. Fuarthas iomlán de 30 aighneacht le linn na céime réamhdhréachta. Tá an t-athbhreithniú ar feitheamh ar fhoilsiú Straitéis Spásúil & Gheilleagrach Réigiúnach (SSGR) Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair. Nuair a bheidh an SSGR foilsithe, tosófar arís an t-athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae taobh istigh de 13 seachtaine.
- Crios Forbartha Straitéisí (CFS) Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire (AIÉCM)
Tar éis 284 heicteár a bheith ainmnithe mar Chrios Forbartha Straitéisí ag Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire (AIÉCM) i mí na Bealtaine 2017, chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo an obair ar Dhréachtscéim Pleanála CFS AIÉCM. Nuair a ghlacfar leis an meicníocht CFS, cuirfear meicníocht mhearthphleanála ar fáil chun críocha forbairt gnó agus fiontraíochta an aerfoirt, na eitlíochta agus eile atá bunaithe ag AIÉCM.

Gníomhóidh meicníocht na Scéime Pleanála mar thiománaí geilleagrach agus an cumas aige tionchar a imirt ar thimpeallacht shóisialta agus gheilleagrach an cheantair mháguaird agus an réigiúin i gcoitinne, agus cuirfidh creata oibre mearthphleanála ar fáil trína gcuirtear cur chuige na pleanála spásúla ar fáil i leith fhorbairt agus leathnú an aerfoirt agus na tailte máguaird amach anseo. Leis an Scéim Pleanála seo, beidh léargas meántéarmach agus fadtéarmach ar fáil i leith fhorbairt AIÉCM amach anseo. Táthar ag súil leis go nglacfar leis an Scéim Pleanála i bhfómhar 2019.

2018 | BHFIGIÚIRÍ

Táthar ag leanúint le réachtáil na 1,381 clinic pleanála siúil isteach gach Céadaoin ag seacht gcinn d'OifigíLimistéir na Comhairle Contae. Le linn 2018, bhí 1,381 fiosrú ag na clinicí siúil isteach seo, suas 220 ón mbliain 2017.

899 cinneadh déanta cead pleanála a thabhairt

209 iarratas réamhphleanála

25 – Lón na gcinntí de chuid an Bhoird Pleanála a dheimhnigh cinneadh Chomhairle Contae Mhaigh Eo

1,062 iarratas pleanála bailí faighte in 2018

37 cinneadh déanta cead pleanála a dhiúltú

Achomharc chun an Bhoird Pleanála déanta ag 28 cinneadh

FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

Is é Comhairle Contae Mhaigh Eo an t-údarás forfheidhmithe pleanála le haghaidh limistéar riaracháin Chontae Mhaigh Eo. Is é an phríomhfheidhm ná imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i scríbhinn a fhaightear i ndáil le forbraíochtaí neamhúdaraithe líomhnaithe de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Tá achoimre tugtha thíos ar ghníomhaíochtaí na Fo-Rannóige Forfheidhmithe Pleanála.

Tábla 1: Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe Pleanála ó 2014 go 2018

CUR SÍOS AR AN NGNÍOMHAÍOCHT	2014	2015	2016	2017	2018
Líon na ngearán nua	152	149	155	129	131
Líon na ngearán a réitíodh	100	69	73	115	83
Líon na ngearán a caitheadh amach	48	40	42	41	22
Líon na Litreacha Rabhaidh a eisíodh	83	93	97	89	89
Líon na bhFógraí Forfheidhmithe a eisíodh	12	22	9	16	20
Líon na gcomhad le Dlídóir na Comhairle Contae	38	33	37	42	40

TITHÍOCHT, BÓITHRE & FORBAIRT SEIRBHÍSE



SA CHUID SEO

Tithíocht

Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre
Soláthar & Athbhreithniú Éifeachtúlachta

TITHÍOCHT

Ba bhliain ghnóthach eile í 2018 do Sheirbhís Tithíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Ó thaobh soláthar lóistín archaighdeáin ar phraghas réasúnta, tá idir dhúshláin agus dheiseanna ag baint leis do Mhaigh Eo, agus tá maoiniú suntasach á chur ar fáil chun réitigh tithíochta a chur ar fáil dóibh siúd ar an ngannchuid.



Is é misean an Rialtais cinntiú go bhféadann an uile dhuine rochtain a bheith acu ar áit chónaithe, leo féin nó le tacaíocht an Stáit. Tá sé meáite ar dhéileáil leis an tearc-sholáthar suntasach tithíochta agus na fadhbanna a chruthaíonn sé do theaghlaigh agus pobail.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag leanúint de bheith ag obair i dtreo na ngníomhaíochtaí san áireamh in Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus Easpa Dídine a mhúnlaíonn an clár tithíochta amach anseo i Maigh Eo.

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí oibre don tSeirbhís Tithíochta in 2018:

- Soláthar an Chláir Caipitil Tithíochta 2016–2021
- Measúnú Riachtanas Tithíochta 2018
- Sainnithint suímh a bhfuil an cumas aige le haghaidh fhorbairt agus soláthar 50 aonad mearthógála.
- Bainistiú ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT), an Scéim Cóiríochta Cíos (SCC) agus an Scéim Léasaithe Shóisialta (SLS).
- Bainistiú ar na Scéimeanna Ceannaigh & Athnuachana agus Deisiúcháin & Léasaithe
- Oibriú agus Bainistiú ar na trí Scéim Deontais Tithíochta
- Scéim Cíosanna Dífreálacha

- Feidhmiú leanúnach an Chláir Cóiríochta do Thaistealaithe 2014–2018
- Cothabháil agus athchóiriú pleanáilte ar an stoc tithíochta
- Easpa Dídine/Cothú Tionóntachtaí
- Freastal Iarratasóirí le Riachtanais Speisialta agus Tithe Tuaithe
- Iasachtaí do Thithíocht Phríobháideach, Ceannach Incriminteach agus Iasachtaí Feabhsaithe Tí
- Athbhreithniú agus forbairt na Ráiteas Polasaí Tithíochta agus Nósanna Imeachta agus Prótacail do bhaill foirne agus cliaint tithíochta.
- Forbairt Straitéis na dTithe Folmha

Tá roinnt tionscadal sainaitheanta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo atá oiriúnach le haghaidh forbraíocht tionachtaí measctha arb éard atá iontu Tithíocht Shóisialta Údaráis Áitiúil, Tithíocht Inacmhainne agus aonaid an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta (CCT) chun freastal ar an gClár Caipitil Tithíochta 2016–2021.

Tá sprioc 708 aonad ag Comhairle Contae Mhaigh Eo don tréimhse 2016–2021 ach tá 808 beartaithe chun sárú a chur san áireamh.

Tá glanriachtanas 1,190 teaghlach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Bunaithe ar an éileamh agus aschur reatha, beidh tuairim agus 5 bliana i gceist leis an liosta feithimh iomlán tithíochta. Déanfar freastal ar iarratasóirí nua faoin fíoráil Cúnaimh Tithíochta ag brath ar thionóntacht tithíochta sóisialta a bheith ar fáil

Is tosaíocht sa tréimhse 2019–2021 é cur chun cinn na Scéimeanna Deisiúcháin agus Léasaithe, Ceannaigh agus Athnuachana, Láithreacha Folmha agus Tithe Folmha. Ní amháin go gcuirfear lóistín ar fáil tríd seo, ach cabhrófar cur le athneartú bailte agus sráidbhailte an chontae.

An tairseach gréasáin VacantHomes.ie a thionscain Comhairle Contae Mhaigh Eo thar ceann na hearnála rialtais áitiúil agus a seoladh i mí Lúnasa 2017 chun ligean do dhaoine maoin a d'fhéadfadh a bheith folamh a chlárú go hanaithnid agus a chur in iúl do na húdarais tithíochta a fhiosróidh é seo leis an úinéir le feiceáil cé acu an féidir an maoin a úsáid arís le haghaidh tithíocht shóisialta.	Ag deireadh 2018, bhí breis agus 2,500 maoin cláraithe ar an suíomh ó áiteanna ar fud na tíre.
--	--

2018 | BHFÍGIÚIRÍ

Bhí €2,600,000 sa buiséad le haghaidh caiteachais do Dheontais Tithíochta in 2018. Is éard atá sna scéimeanna deontais ná Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontais Cúnaimh Áiseanna Soghluaisteachta agus Deontais um Oiriúnú Tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas.

Fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo 13 aonad in 2018 le cinntiú go gcuirtear stoic tithíochta sóisialta nua ar fáil fad is atá an clár tógála á thabhairt isteach.

Rinne 136 duine athlonnú i Maigh Eo faoin gClár Athlonnaithe Dídeanaithe suas go dtí deireadh 2018

Fuarthas 20 iarratas ar Mhorgáiste go Cíos le linn 2018

Tugadh 22 aonad folamh isteach in úsáid arís le linn 2018

Bhí 1,103 tionóntacht bheo ÍCT i Maigh Eo ar an 31 Nollaig 2018, méadú 27% ar 2017.

Síníodh comhaontuithe léasachta i leith 7 n-aonad faoin Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe in 2018.

OBAIR IDIR LÁMHA

Is é an riachtanas tuartha cóiríochta i bPlean Cóiríochta do Thaistealaithe 2014–2018 ná 120 aonad:

- 31 aonad i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha
- 33 aonad i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh
- 52 aonad i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris
- 4 aonad i gCeantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo

Ó glacadh leis an bPlean Cóiríochta do Thaistealaithe in Aibreán 2014, cuireadh iomlán de 124 teaghlach do thaistealaithe ar fáil leis an réimse iomlán roghanna tithíochta atá ar fáil. Tá plé tosaithe ar an bPlean nua Cóiríochta do Thaistealaithe atá le forbairt le haghaidh 2019–2023.

Tá glactha ag Comhairle Contae Mhaigh Eo le clár tithíochta ilbhliantúil a chlúdaíonn an tréimhse 2016–2021 agus sprioc 653 aonad tithíochta sóisialta ann. Folaíonn sé seo tithe nuathógtha, nuafhaighte agus tithe folmha agus a chuir an Chomhairle agus an earnáil dheonach ar fáil. Cosnóidh an clár seo tuairim agus €120 milliún thar an tréimhse cúig bliana.

AN SUÍOMH REATHA DON CHLÁR CAIPITIL TITHÍOCHTA 2016–2021	
CÉIM AN TIONSCADAIL	AONAD
Curtha i gcrích (Tógáil, Tithe Nuafhaighte, Ceannaigh & Athnuachaintí, Tithe Folmha a ligean ar léas, an earnáil dheonach)	275
Ar an Láthair	51
Céim 4 (Tairiscint)	67
Céim 3 (Dearadh & Cuid 8)	0
Céim 2 (Réamhdhearadh)	37
Céim 1 (Meastóireacht Chaipitil)	112
IOMLÁN	542

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Clár caipitil tithíochta 2016–2021

Tógálacha Nua	400
Tógálacha Nua CCT	106
Nuathógtha	66
Tithe Folmha	81

IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Le córas éifeachtúil iompair ar bhóithre, cuirtear an bonneagar riachtanach ar fáil chun forbairt gheilleagrach agus shóisialta réigiúin a thacú. Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo lena pháirt a imirt in 2018 ó thaobh geilleagar an chontae a thacú trí chothabháil agus feabhsú an líonra bóithre ar fud an chontae.



2018 | BHFÍGIÚIRÍ

- €74,950,137 i gcaiteachas foriomlán ar 6,490km de bhóithre faoi choimirce Chomhairle Contae Mhaigh Eo a chothabháil agus a fheabhsú. €36,292,906 ar Phíomhbhóithre agus Bóithre den Dara Grád. €38,657,340 ar bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla.
- Glacadh le 47 teorainn luais speisialta in eastáit tithíochta, laghdaithe go 30km san uair, arb ionann é san iomlán i Maigh Eo agus 378
- Leas bainte as an Scéim Rothaíochta chun na hOibre ag 32 ball foirne in 2018, arb ionann é agus 476 san iomlán idir 2010 agus 2018
- Ba é an Clár Forleagain/Inleagain Pábhála 2018 do Chontae Mhaigh Eo an clár ba mhó ar fud na tíre, agus láimhdeachas €16.9 milliún i gceist leis.
- Caitheadh €5.3 milliún ar thalamh a fháil do thionscadal an N5 ó Chathair na Mart go Bóthar Thurlaigh.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Cuireadh tús le soláthar an chonartha Deartha & Tógála do thionscadal an N5 ó Chathair na Mart go Bóthar Thurlaigh trí ghearrliostú a dhéanamh ar chuibhreannais.
- Fuarthas faomhadh pleanála le haghaidh tionscadal Athailínithe Dhroichead Chluain Gallán ar an N26.
- Cuireadh tús le meastóireacht ar thionscadal bóthair 55km an N17 ó Chnoc Mhuire go Cúil Mhuine agus fuarthas faomhadh ó BIÉ.
- Scéimeanna inleagain pábhála ag Bruigh, Béal an Átha, Baile an Tobair agus áiteanna eile ar fud an chontae, le hiomlán 44.1km.
- Réiteach faighte 34 de na 36 cás fála talún do thionscadal an N60 ag Log na Muc agus bronnadh conradh le haghaidh tógála ar stráice bóthair 1.5km.
- An stráice 3km den N59 ag Cill Bhríde agus stráice 2km den N59 ag Cora Ros Abha curtha i gcrích.



Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2018 ar thionscadal an N5 ó Thurlach go Cathair na Mart. Tháinig na réamhoibreacha níos gaire dá gcur i gcrích agus réiteach déanta i leith cásanna le húinéirí talún agus fáil na talún dá thoradh. Rinneadh gearrliosta de 4 iarratasóir le haghaidh an Chonartha Deartha agus Tógála faoi dheireadh na bliana. Táthar ag súil leis go ndámhfar an conradh don bhealach nua, a mbeidh 23.7km de dhébhealach san áireamh ann, in 2019.

TIONSCADAIL PRÍOMHBHÓITHRE NÁISIÚNTA TUGTHA CHUN CINN IN 2017	
An N5 ó Chathair na Mart go Turlach	Leanadh leis an idirbheartaíocht le húinéirí talún i rith 2018 agus thángthas ar réiteach i leith 195 de na 250 cás le húinéirí talún agus caitheadh €5.3 milliún ar thalamh a fháil le linn 2018. Tá na réamhoibreacha ag teacht chun críche. Cuireadh tús le soláthar an Chonartha Deartha & Tógála le linn na bliana agus rinneadh gearrliosta de 4 cinn de chuibhreannais, agus táthar ag súil leis go ndámhfar an conradh in Q3 2019.
Athailíniú an N26 ag Droichead Chluain Gallán	Fuarthas faomhadh pleanála don tionscadal i mí na Nollag 2018. I rith 2019, leanfar leis an tionscadal 1.8km seo ó thaobh talamh a fháil, crainn a leagan, tástáil seandálaíochta agus malairtí slí BSL in éineacht leis an dearadh mionsonraithe.
Tionscadal Bóthair an N17 ó Chnoc Mhuire go Cúil Mhuine	Tá tús curtha leis an meastóireacht don tionscadal 55km seo agus fuarthas faomhadh ó BIÉ chun roghnú an bhealaigh agus an phleanáil a chur chun cinn thar na chéad 4 bliana eile. Tá Comhaontú faoi Alt 85 sínithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae Shligigh trína dtugtar ról an údaráis cheannais do Chomhairle Contae Shligigh agus ról tacaíochta do Chomhairle Contae Mhaigh Eo.
Acomhal an N17 & R320 ag an Lios Dubh	Tá sé beartaithe faoin scéim go dtabharfaí isteach Acomhal Ilairde Dlíúth chun teacht in áit 2 acomhal chomhréidhe ar an N17. Ceapadh Barry Transportation mar shainchomhairleoir chun tacú le Comhairle Contae Mhaigh Eo an scéim a chur chun cinn tríd an bpróiseas pleanála agus dá éis i dtreo na tógála.



TIONSCADAIL BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD TUGTHA CHUN CINN IN 2017

<p>Tionscadal Bóthair an N59 ó Chathair na Mart go dtí an Mhala Raithní</p>	<p>Is é seo an tionscadal uileghabhálach a chlúdaíonn an t-uasghrádú ar líne 25km den N59 idir Cathair na Mart agus an Mhala Raithní, beartaithe le seachadadh i sraith stráicí. Tá an stráice 3km den N59 ag Cill Bhríde curtha i gcrích agus chuir Ward & Burke Construction Limited an stráice 2km den N59 ag Cora Ros Abha i gcrích in 2018. I mí Iúil 2018, dámhadh an conradh ar PJ Carey (Contractors) Limited chun an stráice 3km den N59 ag Cill Mhíona a thógáil ar chostas de thuairim agus €5.3 milliún, gan CBL san áireamh. I rith 2018, d'oibrigh Comhairle Contae Mhaigh Eo ar chur chun cinn an tsoláthair seirbhísí speisialaithe agus saindearadh don chéad chéim eile den uasghrádú N59 idir Baile Uí Fhiacháin agus Doire Fhada.</p>
<p>N60 Log na Muc</p>	<p>Réitíodh 34 de na 36 cás fála talún le linn 2018 agus i mí na Samhna, dámhadh an conradh ar P&D Lydon Limited an stráice 1.5km den N60 a thógáil ar chostas de thuairim agus €3.5 milliún, gan CBL san áireamh.</p>
<p>N60 Cnoc na mBuachalán Theas</p>	<p>I rith 2018, leanadh leis an idirbheartaíocht le húinéirí talún agus réitíodh gar do 50% de na cásanna faoi dheireadh na bliana. Rinneadh dul chun cinn leis an saindearadh agus ullmhú doiciméad conarthach mar ullmhúchán don tógáil in 2019 nó 2020, faoi réir faomhadh ó BIÉ.</p>
<p>N60 Crois Mhaigh Nulla</p>	<p>Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana ar réamhdhearadh an bhealaigh 4km as líne mar ullmhúchán don thosú an phróisis pleanála in 2019.</p>



SOLÁTHAR & ATHBHREITHNIÚ ÉIFEACHTÚLACHTA

Is éard ata i gceist le soláthar ná réimse feidhmeanna agus próiseas a theastaíonn chun táirgí, seirbhísí agus oibreacha a fhoinsiú agus a fháil chun seirbhísí a chur ar fáil. Folaíonn sé gnéithe straitéiseacha amhail polasaí agus rialachas, buiséadú agus pleanáil. Folaíonn sé chomh maith cúrsaí foinsithe; oibríochtaí; bainistiú conartha; agus foréileamh íocaíochta. Is éard is ‘ceannach’ ann ná fothacar den phróiseas foriomlán soláthair. Tagraíonn sé don phróiseas idirbheartaíochta de earraí agus seirbhísí a cheannach nó conraitheoir oibreacha a fhostú.

Feidhmíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo córas soláthair atá dílárnaithe go príomha, ina ndéanann daoine iomadúla an soláthar agus ceannach ar tháirge nó seirbhís ar leith i rannóga iomadúla ar fud na heagraíochta. Le blianta beaga anuas, tá athchóiriú agus lárnú páirteach déanta ar an soláthar agus méadóidh sé seo go mór sna blianta beaga romhainn. Beidh an ceannach fós dílárnaithe.

Is iad na príomhathruithe atá tugtha isteach leis an gcóras um athchóiriú soláthair ná dualgais bhreise tuairiscithe chun trédhearcacht níos fearr a chinntiú i leith conarthaí a dhámhachtain, fócas níos fearr ar an soláthar inbhuanaithe, conarthaí níos lú a úsáid chun deiseanna níos cothroime a chinntiú d’fhiontair FBM, réitigh nua a fhorbairt chun riachtanais na Comhairle a chomhlíonadh trí chomhoibriú níos fearr agus trí chur chuig níos nuálaí agus teorainneacha íosta ama a laghdú le haghaidh bearta soláthair, rud a chiallaíonn go bhféadtar conarthaí a chur i bhfeidhm níos tapúla.

Le soláthar earraí, seirbhísí agus oibreacha ag an gComhairle, éascaítear an fhorbairt ar an mbonneagar criticiúil, seirbhísí pobail agus caighdeán comhshaoil feabhsaithe. Leagann an oifig seo amach an chaoi le soláthar éifeachtach éifeachtúil a bhaint amach a thacóidh cuspóirí corparáideacha na Comhairle.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Forfheidhmiú réamhghníomhach ar an bpolasaí ceannaigh i roinnt catagóirí feithiclí/gléasra ar cíos, lena n-áirítear feithiclí tráchtála éadroma, trucaílí oscailte 3.5T agus 7.5T agus veaineanna leictreacha.
- Cuireadh Córais Ceannaigh Dhinimiciúla (CCD) i bhfeidhm in áit gléasra ar cíos a bhí ann roimhe seo, rud a ligeann do sholáthraithe dul leis an CCD le linn a théarma, rud nach amhlaidh i gcreat oibre ina bhféadfadh sé go mbeadh ar sholáthraithe nach n-éiríonn leo nó déanach fanacht 12–24 mí go dtí go gcuirtear san áireamh ar ‘phainéal’ iad chun gléasra ar cíos a sholáthar do Chomhairle Contae Mhaigh Eo.
- Úsáid Quick Quotes curtha chun cinn go gníomhach ar an ardán eTenders. Tagann Quick Quotes in áit úsáid a bhaint as ríomhphoist chun meastacháin a lorg ó sholáthraithe agus cuireann timpeallacht shlán ar fáil chun meastacháin a fháil sa chás nach dteastaíonn próiseas tairisceana níos foirmeálta.
- Le tabhairt isteach Milestone 4 (MS4), féadtar iarratais ar cheadú i réimsí áirithe a sheoladh go huathoibríoch le haghaidh faomhadh Soláthair. Forálann sé seo d’fhíorú iarratas, le cinntiú go bhfuil próiseas iomaíoch úsáidte, sula dtarlaíonn an caiteachas. Éascaíonn an córas seo rianú ar Chineál an tSoláthair agus Tagairtí Soláthair chun cabhrú le hanailís agus tuairisciú caiteachais. Tabharfar tuilleadh Tagairtí isteach in am tráth mar chuid de leathnú na gceaduithe ar MS4.
- Sainaithníodh sa Phlean Soláthair Corparáideach gur gá Oiliúint ar Sholáthar a dhéanamh agus cuireadh ar fáil é ar bhealaí éagsúla le linn 2018.

2018 | BHFIGIÚIRÍ

48

Foilsíodh 48 comórtas ar eTenders thar raon leathan réimsí feidhme.

33

Foilsíodh 33 Iarratas ar Mheastachán agus 340 Iarratas ar Thairiscint ar SupplyGov.ie

2,500

Bhí tuairim agus 2,500 cliceáil ar an leathan inlín Soláthair le linn na bliana, is é sin iomlán de 13,461 cliceáil go dáta agus is áis thábhachtach é chun eolas a scaipeadh.

Tá dréacht-Straitéis Éifeachtúlachta á forbairt chun pleanáil agus fócasú breise a dhéanamh ar na háiteanna a bhféadtar feabhsuithe a bhaint amach i réimsí amhail laghdú ginearálta ar chostais, seachaint costais, úsáid agus costais riaracháin a laghdú agus Obair Níos Cliste. Cuireann Obair Níos Cliste béim ar mhodhanna/pátrúin oibre níos áitiúla agus úsáid níos fearr as an teicneolaíocht nua chun cur ar chumas na foirne a ndualgais a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí agus ar chostas níos ísle. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, tá scrúdú á dhéanamh ar éifeachtúlachtaí ó thaobh eolas próisis agus córais.

SEIRBHÍSÍ UISCE, COMHSHAOL, ATHRÚ AERÁIDE & SEIRBHÍSÍ
ÉIGEANDÁLA



SA CHUID SEO
Uisce Tuaithe
Comhshaol, Athrú Aeráide agus Talmhaíocht
Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo
Seirbhís Dóiteáin Réigiún an Iarthair
Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo
Sábháilteacht san Uisce



UISCE TUAITHE

Riarann Comhairle Contae Mhaigh Eo an Clár Uisce Tuaithe i gContae Mhaigh Eo, clár atá á mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus tá sé tiomanta do bheith

ag obair le pobail agus é mar aidhm na scéimeanna a bheith inmharthana go geilleagrach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil.

Tá 198 scéim á hoibriú i gContae Mhaigh Eo agus freastalaíonn siad ar bhreis agus 18,000 teaghlach agus gnó. Is é Comhairle Contae Mhaigh Eo an tÚdarás Maoirseachta do Scéimeanna Grúpuisce agus Soláthairtí Beaga Poiblífaoi Rialacháin (Uisce Ólacháin) na gComhphobal Eorpach, 2007 agus 2014. Déanann an FSS sampláil thar ceann Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus tógadh tuairim agus 650 sampla in 2018.

Ba é 2018 an tríú bliain den chreat nua ilbhliantúil maoinithe, a bhfuil sé mar chuspóir aige cinnteacht a chur ar fáil maidir le hinfheistíocht tosaíochta; feidhmiú na forbartha inbhuanaithe i gceantair thuaithe a thacú; riachtanais na Rialachán Uisce Ólacháin a chomhlíonadh; agus cuspóirí i bPleananna Bainistíochta Abhantraí a thacú.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Cuireadh tús le hoibreacha in 2018 ar chéim na pleanála agus an deartha ar Ghrúpscéim Uisce (GSU) nua do phobal Chill Mhuire, Crois Mhaoilíona
- Cuireadh oibreacha i gcrích ar roinnt scéimeanna sular ghlac Uisce Éireann iad faoina gcúram, lena n-áirítear GSU an Chairn, GSU an Rois/Chromghlinne agus dhá Scéim ‘Phíolótacha’ Dilleachta lena ghlacadh ag Uisce Éireann; GSU Chluain Laighean agus GSU na Leithcheathrún.
- Cuireadh móroibreacha uasghrádaithe i gcrích in 2018 i GSU Chnoc an Tobair agus GSU Mhíleac Mór
- Cuireadh oibreacha uasghrádaithe i gcrích ar GSU an Bhaile Ghaelaigh chun nasc chuig an bpríomhlíonra a éascú. Caitheadh mórchuid an leithdháilte maoinithe do 2018 ar aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht pharaiméadrach, go háirithe ar scéimeanna a bhfuil deacrachtaí tríhalaimeatáin (THM) ag baint leo.
- Ghlac Uisce Éireann GSU na Croise, an Geata Mór faoina chúram

2018 | BHFIGIÚIRÍ

€3.5 milliún Infheistíodh €3.5 milliún sa Chlár Uisce Tuaithe i Maigh Eo in 2018 ó bhuiséad náisiúnta de €12.4 milliún	198 198 scéim ag feidhmiú i gContae Mhaigh Eo ag freastal ar bhreis agus 18,000 teaghlach agus gnó.
€1.35 milliún Caite ar chríochnú na céime deartha agus tógála den chonradh Deartha, Tógála, Feidhmithe faoi Bheartán 1a sínithe idir Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Glan Agua	€4.3 milliún Íocaíochtaí fóirdheontais a rinneadh leis na Grúpscéimeanna Uisce a rinne iarratas in 2018.
9 Iarratais ar Dheontais Tobair próiseáilte, arb ionann é agus €15,000 san iomlán	8.1km Grúpscéim Uisce nua i dtóin an Chnoic-Coill na Cilleadh, Leathardán, arb éard atá ann ná 8.1km de phríomhlíonra uisce a sholáthraíonn uisce do 47 teaghlach.
8 GSU Oibreacha suntasacha uasghrádaithe curtha i gcrích ar 8 scéim, agus cuireadh mion-uasghráduithe ar chórais chóireála i gcrích ar 5 scéim.	€45 Rátaí fóirdheontais iníoctha i leith naisc teaghlaigh ar Ghrúpscéimeanna poiblí, méadaithe ó €70 in 2017 go €115
650 Sampla Uisce tógtha faoi Rialacháin (Uisce Ólacháin) na gComhphobal Eorpach	€231 I gcás Grúpscéimeanna príobháideacha, méadaíodh an fóirdheontas do nasc teaghlaigh ó €140 go €231

COMHSHAOL, ATHRÚ AERÁIDE AGUS TALMHAÍOCHT

Dhá phríomhspreagadh don Roinn in 2018 ba ea an bunathrú i dtosaíochtaí náisiúnta i leith gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt d'ionchur na talmhaíochta.

Fuair an Rannóg cúnamh agus tacaíocht ón gCoiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pleanáil, an Comhshaol agus Talmhaíocht agus ón nGrúpa Oibre Talmhaíochta, agus lean sé den chomhtháthú mioneolais agus léargas ó réimse leathan geallsealbhóirí a chur chun cinn.

Dhírigh na tosaíochta ar straitéisí nua a chruthú maidir leis an talmhaíocht agus athrú aeráide, tuillte agus pleanáil éigeandálacha tuillte.



Tá sé ríthábhachtach timpeallacht ardchaighdeán a bheith ann le haghaidh caighdeán maith beatha agus tá sé ina dhlúthchuid den fhorbairt inbhuanaithe. Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo béim láidir ar an bhfeasacht ar an gcomhshaol a mhéadú agus athruithe iompair a chothaíonn ardchaighdeán a chur chun cinn.

In éineacht le hobair na Rannóige ar son na haeráide, tá sé de chúram ar an bhfoireann Comhshaoil, Athrú Aeráide agus Talmhaíochta an reachtaíocht chomhshaoil a fhorfheidhmiú, treoracha agus rialacháin ón AE agus polasaithe náisiúnta agus réigiúnacha a fheidhmiú in éineacht le feasacht a mhéadú i ndáil le saincheisteanna comhshaoil leis an bpobal i gcoitinne. Dhírigh na tionscnaimh ar chosc dramhaíola agus bruscair agus ar gníomhú dearfach a spreagadh i leith timpeallacht Mhaigh Eo a chosaint. I measc na bhfeachtais bhí cur chun cinn an Liosta Náisiúnta Athchúrsála nua, tacaíocht a thabhairt do na feachtais Glantachán Náisiúnta Earraigh, Laghdú ar Choinlíne Óil Plaisteacha agus Cupáin Choinneála, Ceardlanna Athúsáide agus imeachtaí um Cosc a Chur ar Dhramhaíl Bia.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Bunaíodh an Oifig Réigiúnach Imeallbhord an Atlantaigh Thuaidh um Ghníomhú ar son na hAeráide i gCaisleán an Bharraigh, ionad barr feabhais chun aghaidh a thabhairt ar an ardú leibhéil farraige agus tuilte cósta agus screamhuisce i nDún na nGall, Sligeach, Maigh Eo agus Gaillimh.
- I gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, lean an Rannóg de réitigh fhadtéarmacha a chur chun cinn maidir le tuilte le haghaidh a bhfuil baol ard tuilte iontu.
- Tionscnamh Frithdhumpála a raibh i gceist ann bailiú faisnéise maidir le hoibreoírí 'Fear agus a Veain' agus úsáideadh teicneolaíochtaí chun gníomhaíochtaí oibreoírí dramhaíola neamhdhleathaía chomhrac.
- Seoladh an Tionscnaimh Ambasadóirí Gníomhaithe ar son na hAeráide i gComhairle Contae Mhaigh Eo. Tá 40 comhalta foirne ambasadóra lárnach i bhfeidhmiú rathúil an chórais nua bainistithe dramhaíola agus úsáid fuinnimh a laghdú ar fud na heagraíochta
- Chláirigh Comhairle Contae Mhaigh Eo do Chairt an Údaráis Náisiúnta Iompair um Thaisteal Níos Cliste i measc Comhpháirtithe san Ionad Oibre i mí Iúil 2018, trína ndéanann ár bhfostaithe dian-iarracht astuithe carbóin a laghdú trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a roghnú nuair is féidir.
- Cuireadh tús le hobair ar Dhréacht-Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide ina leagtar amach an chaoi a n-oibreoidh Comhairle Contae Mhaigh Eo chun nochtadh a laghdú i leith rioscaí aeráide agus deiseanna nua a thapú.
- Leanadh le feidhmiú an Chláir Monatóireachta Uisce agus an Chreat-Treoir Uisce i rith 2018, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ceadúnúcháin agus forfheidhmithe, rannpháirtíocht le pobail agus geallsealbhóirí eile agus sampláil ar chaighdeán an uisce inár n-aibhneacha, locha agus limistéir snámha.

2018 | BHFIGIÚIRÍ

175 Tonaí dramhaíola bailithe agus bainte ó thrí láthair faoin Tionscnamh Frith-Dhumpála i mBéal an Átha, Baile an Chaisil agus Caisleán an Bharraigh.	1,300 sampla caighdeáin uisce tógtha ónár n-aibhneacha, locha agus limistéir snámha
10 Líon na gceamaraí slándála TCI faighte le húsáid ar bhonn leanúnach sealaíochta idir láithreacha féideartha dumpála agus láithreacha is eol a bheith úsáidte le haghaidh dumpála cheana, lena n-áirítear bainc bhuidéil, ar fud an chontae	90 Líon na gCóras Cóireála Dramhuisce Tí a ndearnadh cigireacht orthu
10 Líon na láithreacha a baineadh ó Chlár na Láithreacha Tréigthe	12 Líon na mBratach Gorm agus 7 gcinn de Ghradaim Cósta Glas
950 Líon na ngearán a réitíodh	700 Líon na dtochtanna a bailíodh le linn Pardún Tochtanna aon lae i mí an Mheithimh

IS IAD SEO A LEANAS AN DÁ GHNÉ A SAINAITHNÍODH I BPLEANANNA NÁISIÚNTA CHUN DUL I NGLIC LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE:

MAOLÚ: Asuithe gás ceaptha teasa a laghdú agus slogaidí carbóin a fheabhsú

OIRIÚNÚ: Oiriúnú do thionchar iarbhír agus tuartha an Athraithe Aeráide, idir dhearfach agus dhiúltach

AN RANNÓG TRÉIDLIACHTA

Tá dhá phríomhréimse fócais i gceist leis an Rannóg Tréidliachta, Sábháilteacht Bhia agus an tSeirbhís Maorachta Madraí.



Faoi chomhaontú seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), déanann an Rannóg obair maidir le Sábháilteacht Bhia agus b'éim ar leith ar shláinte agus inrianaitheacht. Oibríonn an Rannóg i ndlúthchomhar le hoibreoirí gnóthaí bia áitiúla chun na caighdeáin is airde sábháilteachta bia a bhaint amach agus a chothabháil, agus tá sí gníomhach ó thaobh galair zónóiseacha a chomhrac (is é sin galair in-tarchurtha idir ainmhithe agus daoine) agus tá ionchur díreach aici i ndíothú galair infhógartha.

Déantar cigireacht agus monatóireacht ar bhonn rialta ar ocht gcinn d'Áitribh Cheadaithe Bheaga Déantúsaíochta Feola agus ar ocht n-áitreabh eile cláraithe ar fud an chontae. Chomh maith le maoirsiú a dhéanamh ar na coinníollacha ginearálta den sláinte agus oibríochtúil agus struchtúrach, déanann an fhoireann tréidliachta cigireachtaí réamhbháis agus iarbháis ar gach ainmhithe a mharaítear sna 16 sheamlas i Maigh Eo.

Tá an tSeirbhís Rialaithe Madraí á cur ar fáil go díreach ag an Rannóg, agus cinntíonn go ndéantar ceadúnú ar mhadraí i Maigh Eo agus go gcoinnítear faoi rialú éifeachtach iad. In 2018, tógadh 165 madra isteach sa Phóna Madraí agus fuarthas úinéirí nua do 131 madra ón bPóna. Roinn seacht n-eagraíocht leasa ainmhithe i Maigh Eo an maoiniú iomlán de €38,500 i maoiniú leasa ainmhithe i rith na bliana.

Iarrtar ar úinéirí madraí ceadúnas madraí a bheith acu agus micrishlis a bheith curtha ina madraí. Eisíodh 6,774 ceadúnas in 2018 agus cuireadh micrishliseanna in 18 madra ag Lá Micrishliseanna Saor in Aisce eagraithe ag an Rannóg i mí na Samhna 2018. Tugann an tSeirbhís Maorachta Madraí tacaíocht agus cuireann comhairle ar úinéirí madraí ar gach gné a bhaineann le húinéireacht madraí, ag obair i gcomhar le grúpaí amháil an IFA agus eolas a chur ar fáil ag imeachtaí cuí timpeall na tíre.

BUAICPHOINTÍ 2018

- D'eagraigh Rannóg Tréidliachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo Comhdháil dhá lá ár Thréidliacht d'Údarás Áitiúla, an chéad cheann le beagnach 10 mbliana anuas, san Fhoras Riaracháin i mBaile Átha Cliath i mí an Mhárta 2018.
- D'eagraigh an maor madraí sraith comhcheardlann a chuireann úinéireacht fhreagrach madraí chun cinn, i gcomhar le Dogs Trust i mBaile an Róba le linn Mhárta 2018.

SEIRBHÍS DÓITEÁIN CHONTAE MHAIGH EO

Tá dualgas reachtúil ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo, mar údarás dóiteáin, faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003 chun (a) soláthar a dhéanamh do dhóiteáin a mhúchadh go tapa agus go héifeachtúil chun daoine agus maoin a chosaint ar dhíobháil ó dhóiteán agus a tharrtháil ón díobháil sin, (b) briogáid dóiteáin agus áitreabh a bhunú agus a chothabháil, agus (c) socrú leordhóthanach a dhéanamh chun glacadh le glaonna ag lorg cúnaimh ón mbriogáid dóiteáin agus chun freagairt do na glaonna sin.



Déanann Oifigigh um Chosc Dóiteáin measúnú ar fhoirgneamh ó thaobh sábháilteacht dóiteáin de, le cinntiú go bpleanáiltear, go ndeartar, go dtógtar agus go ndéantar cothabháil orthu ar bhealach sábháilte, déanta trí mheán cigireachtaí a dhéantar de bhun ceadúnúcháin agus iarratais phleanála.

Déileálann 119 comhraiceoir dóiteáin, fostaithe in 12 stáisiún dóiteáin suite ar fud an chontae, le réimse leathan teagmhas gach bliain, idir tinte simléir, tinte tí, tinte portaigh/foraoise, timpistí tráchta ar bhóithre, tarrthálacha agus teagmhas lena mbaineann ábhair ghuaiseacha. Is é ról Sheirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo i ndáil le Rialacháin Tógála ná sláinte, sábháilteacht agus leas daoine a dhearbhu taobh istigh d'áitribh, chun rochtain daoine ar fhoirgnimh a chinntiú agus chun fuinneamh a chaomhnú. Déantar cigireachtaí le spotseiceálacha ar chomhlíontacht leis na rialacháin.

Gradaim Fadseirbhíse

Bunaíodh na Gradaim Fadseirbhíse chun aitheantas a thabhairt do phearsanra na seirbhíse dóiteáin a bhfuil breis agus 20 bliain seirbhíse tugtha acu, agus bronntar bonn agus teastas i ndáil le seirbhís 20 bliain, suaitheantas agus teastas i ndáil le seirbhís 30 bliain, agus den chéad uair ó 2018, gradam i ndáil le seirbhís 40 bliain, is é sin suaitheantas agus teastas. Bhronn an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil gradaim ar 18 bpearsanra ó Sheirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo ag searmanas i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2018.

BUAICPHOINTÍ 2018

- ‘Seachadadh Seirbhísí Dóiteáin – Ullmhú don Todhchaí’ a bhí mar théama don 61ú Comhdháil Bhliantúil 2018 de chuid Chumann na bPríomhoifigeach Dóiteáin, lena n-áirítear Taispeántais Teicneolaíochta Dóiteáin a reáchtáladh i gCathair na Mart i mí na Bealtaine 2018.
- D’oibrigh Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí reachtúla eile, le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le heagraithe chun cuairt an Phápa Proinsias ar Scrín Chnoc Mhuire i mí Lúnasa 2018 a phleanáil agus a éascú. Bhí aonad seirbhísí dóiteáin faoi réir ag an imeacht, bhí foireann i láthair san Aonad Rialaithe Teagmhas lena linn agus d’úsáid an tseirbhís dóiteáin raidiúnna TETRA den chéad uair.
- Leanadh leis an gclár athsholáthair flít fearas dóiteáin i rith 2018
- I measc na ngníomhaíochtaí Sábháilteachta Dóiteáin Pobail a reáchtáladh in 2018 bhí Tráth na gCeist Sábháilteachta Dóiteáin do bhunscoileanna, rannpháirtíocht in imeachtaí lena n-áirítear Seó Bóthair Sábháilteacht ar Bhóithre Mhaigh Eo, Féile Eolaíochta & Teicneolaíochta Mhaigh Eo in GMIT agus tionscnaimh chun ceiliúradh a dhéanamh ar an tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin
- Coinníodh an deimhniúchán OHSÁ 18001:2007, caighdeán idirnáisiúnta trína gcuirtear creat oibre ar fáil chun rioscaí a shainnithint, a rialú agus a laghdú agus a chuireann sláinte agus sábháilteacht chun cinn san ionad oibre.
- Reáchtáladh cleachtaí mór-éigeandála leis na príomh-chomhpháirtithe gníomhaireachtaí freagartha, An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag Críochfort Gáis Dhroichead Bhéal an Átha Buí agus ag Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire.

2018 | BHFIGIÚIRÍ

- Fuarthas 127 iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin
- Freastalaíodh ar 766 teagmhas a raibh 931 freagairt ón mbriogáid dóiteáin mar thoradh orthu
- Fuarthas 461 iarratas ar Fhógra um Thosach Feidhme
- Rinneadh 1,138 cigireacht ar Iarratais Cheadúnúcháin agus 57 cigireacht eile
- Cuireadh Clár NDFEM do Bhunscoileanna ar fáil do 2,731 dalta in 125 scoil
- Fuarthas 81 iarratas bailí ar Dheimhniú um Rochtain Míchumais
- Rinneadh 59 cigireacht ar fhoirgnimh nua
- Fuarthas 2 fheithicil nua fónais chun tacú le hoibríochtaí comhraic dóiteáin ag teagmhais suite achar fada ó bhóithre réidhe

RIALÚ DÓITEÁIN RÉIGIÚN AN IARTHAIR

Oibríonn Comhairle Contae Mhaigh Eo Rialú (Dóiteáin) Cumarsáide Réigiún an Iarthair (WRCC) thar ceann na n-údarás áitiúil i gConnacht agus i gContae Dhún na nGall agus cuireann an tseirbhís freagartha agus slógtha glaonna éigeandála 112/999 don réigiún.



2018 | BHFIGIÚIRÍ

17,253

Líon na nglanna isteach a fuarthas

4,425

Líon na dteagmhas éigeandála innill dóiteáin ar fud an réigiún dá thoradh

12,322

Líon na nglanna amach a rinneadh

ISO 9001

Ón 1 Eanáir 2018, tá creidiúnú ag Ionad Rialaithe Dóiteáin Réigiún an Iarthair faoi Chaighdeán Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001.

COSAINT SHIBHIALTA

Mar eagraíocht dheonach ina bhfuil tuairim agus 85 oibrí deonach, cuireann Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo tacaíocht ar fáil do na Príomhghíomhaireachtaí Freagartha agus do phobail áitiúla, le baill a bhfuil oiliúint ard faighte acu agus a bhfuil tábhacht ag baint leo do na seirbhísí éigeandála agus do phobail áitiúla.



Tá neart na heagraíochta bunaithe ar chultúr na hoibre deonaí chomh maith le díograis i leith a cuid aidhmeanna agus tugann a cuid ball a gcuid ama, mioneolais agus oiliúna ar fáil go toilteanach agus go saorálach ar bhonn seachtainiúil.

BUAICPHOINTÍ 2018

- Rannpháirteach i bPleananna Bainistíochta Imeachta, Tráchtá agus Leighis a cheapadh le haghaidh chuairt an Phápa ar Scrín Chnoc Mhuire i mí Lúnasa
- D'éisigh an Roinn Cosanta drón Typhoon H le cumas teirmeach
- Uasoiliúint curtha i gcrích ag 13 Theicneoir Éigeandála Leighis ó Mhaigh Eo ar Threoirlínte Cleachtas Chliniciúil do Theicneoirí Éigeandála Leighis
- D'fhreastail Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo ar Fháiltiú Stáit maidir le hAimsir Dhíobhálach a d'óstáil an Taoiseach i gCaisleán Bhaile Átha Cliath
- Cuireadh Oiliúint faoin Lá Náisiúnta um an gCroí a Atosú don phobal agus do bhall foirne ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo i mí Dheireadh Fómhair



2018 | BHFIGIÚIRÍ

140

Líon na ndaoine deonacha ó áiteanna ar fud an réigiúin a thug tacaíocht do chuairt an Phápa ar Chnoc Mhuire

15

Líon na bhfeithiclí mar aon le 4 bhád i bhFlít Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo

3

Líon na ndaoine deonacha ón gCosaint Shibhialta atá cáilithe mar Oibreoirí Dróin

70

Líon na ndualgas a cuireadh i gcrích le linn 2018


SÁBHÁILTEACHT SAN UISCE

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo freagrach as soláthar gardaí tarrthála trá le linn mhíonna an tsamhraidh. In 2018, d'fhostaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo 21 garda tarrthála trá lánaimseartha ó Mheitheamh go Meán Fómhair ag an mBeartrach, An Cheathrú Mhór, Ceathrú an Uisce, An Caol, An Choim, An Mhala Raithní, Trá an tSeanchinn, Trá an Rois agus Trá an Talaimh Bháin. Cuireadh beirt gharda eile tarrthála linn snámha lánaimseartha ar fáil ag Linn Taoide Bhéal an Mhuirthead mar aon le 8 garda tarrthála trá cúltaca chun tacú leo.

Gardaí Tarrthála – Staitisticí Tarrthála – Séasúr Snámha Iomlán 2018

TRÁ / LINN SNÁMHA	TARRTHÁIL GAN SOITHEACH	TARRTHÁIL LE SOITHEACH	GARCHA BHAIR	LEANAÍ AR IARRAIDH	COMHAIRLE TUGTHA	TIMPISTÍ COSCTHA	EILE
Linn Taoide Bhéal an Mhuirthead	1		2		1417		
An Bheartrach			3		493	4	1
An Cheathrú Mhór			8		558	19	3
Ceathrú an Uisce		1	64	1	1447	16	1
An Caol			43	5	1045	16	3
An Choim			13	2	1,355	12	
An Mhala Raithní			21		790	5	1
An Seancheann			23	1	1178	16	4
An Ros			3		781	3	
Trá an Talaimh Bháin			8		422	26	1
Iomlán	1	1	188	9	9486	117	14

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS & MÓTARCHÁIN



SA CHUID SEO
Airgeadas
Mótarcháin

AIRGEADAS

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as na hoibríochtaí airgeadais sa Chomhairle agus béim ar leithligh ar chinntiú go bhfuil socruithe dóthanacha i bhfeidhm chun ioncam a dheimhniú agus gníomhaíochtaí caipitil a mhaoiniú.



Is ar dheontais Stáit, iasachtaí agus/nó tobhaigh forbartha a bhraitheann suim an airgid atá ar fáil le haghaidh forbraíochtaí caipitil nó bonneagair. Is ó fhoinsí ioncaim amhail iad seo a leanas a íoctar as an gcaiteachas laethúil:

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS & MÓTARCHÁIN

- Deontais Rialtais
- Rátaí Tráchtála
- Cíosanna Tithíochta
- Táillí Iarratais Pleanála
- Earraí agus seirbhísí eile amhail Muirir Líonta Talún/Áiseanna Cathartha, Íoc & Taispeáin

Cuireann an Rannóg Airgeadais réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Rialú Airgeadais & Buiséid, Sreabhadh Airgid & Bainistíocht Chistíochta
- Ullmhú an Bhuiséid Bhliantúil
- Ullmhú an Ráitis Bhliantúil Airgeadais
- Riar na gCóras Bainistíochta Airgeadais
- Riarachán Párolla
- Billeáil agus Bailiú Rátaí Tráchtála
- Billeáil agus Bailiú Cíosanna agus Iasachtaí Tithíochta
- Cuntais na soláthraithe a íoc
- Fáltais Airgid
- Riar agus Bailiú an Mhuirir d'Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha

Cinntíonn an Rannóg Airgeadais go gcomhlíontar na prionsabail reachtúla agus cuntasáíochta airgeadais a bhaineann le gach airgead a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

Ba bhliain dhúshlánach airgeadais eile ach rathúil í 2018 do Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus tá idir dhúshlán shuntasacha agus dheiseanna ollmhóra araon roimhe i gcónaí. Dúshlán áirithe is ea an t-éileamh méadaitheach ar na seirbhísí a chuireann muid ar fáil in éineacht leis an maoiniú marbhánta ó thaobh an leithdháilte Cánach Maoine Áitiúla. Tagann deiseanna aníos ó bheith ag obair le pobail agus gnóthaí áitiúla agus leis an Rialtas láir chun leas agus caighdeán beatha gach duine dár saoránach agus pobal i Maigh Eo a chur chun cinn agus chun tarraingteacht an Chontae a fheabhsú mar áit chun cónaí ann, obair ann, cuairt a thabhairt air, infheistíocht a dhéanamh ann agus taitneamh a bhaint as. Chun leas a bhaint as na deiseanna seo, ní mór dúinn a chinntiú go bhfanann muid de bheith láidir ó thaobh an airgeadais de chun acmhainní a chur ar fáil chun freagairt do na pátrúin athraithe riachtanais agus éilimh. Ní mór dúinn fanacht de bheith láidir ó thaobh na bpróiseas réamhphleanála agus monatóireachta, agus bainistíocht airgeadais thíosach. Cé go bhfuil an suíomh airgeadais fós dúshlánach, leanfaidh an Chomhairle de fhreagairt d'athruithe agus na coigiltis a theastaíonn chun riachtanais buiséid a chomhlíonadh a chur ar fáil.

2018 | BHFIGIÚIRÍ

Léirítear sa Chaiteachas Ioncaim €148,416,201 agus sa Chaiteachas Caipitil €69,063,037 méid an tseachadta seirbhísí lá go lá agus forbairt bonneagair agus léiríonn tábhachtach oibríochtaí na Comhairle don gheilleagar áitiúil

Tháinig méadú ar leibhéal an bhailithe sna trí phríomhréimse bailithe thíos:

- Rátaí 86.6% ↑ 1.7% ó 2017
- Cíos agus Blianachtaí 86.5% ↑ 0.4% ó 2017
- Iasachtaí Tithíochta 75% ↑ 4.4% ó 2017

Tá laghdú tagtha ar leibhéal na riaráistí ar fud gach ceann de na réimsí bailithe ioncaim seo.

Tháinig méadú ar leibhéal an chaiteachais caipitil i bpríomhréimsí, lena n-áirítear bóithre agus soláthar soilsithe phoiblí.

Ba ionann €19,812,344 agus an leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúil do Bhuiséad Bliantúil 2018, lena n-áirítear leithdháileadh €11,488,779 ón gCiste Cothromaíochta

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS AR AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS)

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

Bailítear le chéile sa Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas uile a bhaineann le cúrsaí ioncaim Léirítear ann an barrachas/(easnamh) don bhliain. Léirítear aistrithe chuig/ó chúlchistí astu féin, agus ní leithdáiltear iad de réir rannóg seirbhíse. Léiríonn Nóta 16 na haistrithe de réir rannóg seirbhíse, agus iad leagtha amach ar aon dul le Tábla A i mBuiséad an Údaráis Áitiúil ar glacadh leis.

	Caiteachas Comhlán	Ioncam	Glancaiteachas	Glancaiteachas
	2018	2018	2018	2017
	€	€	€	€
Tithíocht & Tógáil	15,952,889	16,344,229	-391,340	248,686
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	41,898,346	32,343,448	9,554,897	8,705,379
Seirbhísí Uisce	18,577,912	18,448,110	129,802	-374,168
Bainistíocht Forbartha	12,432,063	4,396,787	8,035,275	7,144,516
Seirbhísí Comhshaoil	16,733,845	5,272,656	11,461,188	10,700,911
Áineas & Áiseanna	10,293,793	2,693,095	7,600,698	6,918,944
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	1,517,713	626,826	890,887	911,567
Seirbhísí Ilghnéitheacha	18,970,054	11,544,963	7,425,090	9,661,385
Iomlán an Chaitheachais/Ioncaim	136,376,613	91,670,116		
Glanchoitas na Rannóg, le maoiniú ag Rátaí & an Cháin Maoine Áitiúil			44,706,497	43,917,220
Rátaí			31,296,415	28,973,107
Cáin Maoine Áitiúil			19,812,344	19,812,344
Barrachas/(Easnamh) don bhliain, roimh Aistrithe			6,402,261	4,868,231
Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí			(5,985,293)	(5,467,687)
Barrachas/(Easnamh) foriomlán don Bhliain			416,968	(599,456)
Cúlchiste ginearálta amhail an 1 Eanáir 2018			(4,950,835)	(4,351,379)
Cúlchiste ginearálta amhail an 31 Nollaig 2018			(4,533,867)	(4,950,835)

RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2018

	NÓTAÍ	2018	2017
		¤	¤
SÓCMHAINNÍ SEASTA	1		
Oibríochtúil		427,329,522	401,713,183
Bonneagar		2,988,412,538	2,988,412,538
Pobal		11,023,344	9,628,343
Neamh-Oibríochtúil		59,560,128	59,296,713
		3,486,325,532	3,459,050,776
Obair idir Lámha agus Réamhchostais	2	75,811,361	74,130,988
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	3	61,885,473	65,378,008
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Stoic	4	409,978	398,837
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	24,788,110	19,508,458
Infheistíochtaí Banc		19,619,042	10,400,000
Airgead sa Bhanc		12,721,047	3,962,324
Airgead faoi Bhealach		103,883	257,004
		57,642,060	34,526,622
DLITEANAIS REATHA (SUIMEANNA A BHEIDH DLITE TAR ÉIS BLIAIN AMHÁIN)			
Creidiúnaithe & Fabhruithe	6	58,354,439	54,307,844
Léasanna Airgeadais		52,285	-
		58,406,724	54,307,844
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA / (GLANDLITEANAIS)		(764,664)	(19,781,222)
CREIDIÚNAITHE (SUIMEANNA A BHEIDH DLITE TAR ÉIS BLIAIN AMHÁIN)			
Iasachtaí Iníoctha	7	130,135,923	118,061,806
Léasanna Airgeadais		311,736	-
Éarlais in-aisíoctha	8	6,841,131	5,440,768
Eile		539,919	-
		137,828,709	123,502,574
GLANSÓCMHAINNÍ		3,485,428,993	3,455,275,978
ARNA LÉIRIÚ AG			
Cuntas Caipitlithe	9	3,486,325,532	3,459,050,776
Ioncam ó Obair ar Siúl	2	71,699,539	73,625,411
Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta		(4,533,867)	(4,950,835)
Iarmhéideanna Eile	10	(68,062,211)	(72,449,374)

MÓTARCHÁIN

Cuireann ár n-oifigí seirbhísí custaiméir-dhírthe, cairdiúil, in am is i dtráth ar fáil chun seirbhísí ceadúnúcháin feithiclí i gContae Mhaigh Eo a riar.

Tá briseadh síos thíos ar na róil agus freagrachtaí chun mótarháin a bhailiú, agus sainithnítear an ról tábhachtach atá ag an oifig ó thaobh bailithe de agus an tseirbhís seo a sheachadadh.

AR LÍNE	TIOMÁNAITHE / ÚINÉIRÍ FEITHICLÍ	I BPEARSA NÓ SA PHOST
---------	------------------------------------	-----------------------

AN ROINN IOMPAIR	ÚDARÁIS ÁITIÚLA
<ul style="list-style-type: none">An Comhad Náisiúnta Feithiclí & Tiománaithe a BhainistiúSeirbhísí Mótarchánach Ar LínePolasaí & Reachtaíocht	<ul style="list-style-type: none">Saincheisteanna teicniúla custaiméirí a réiteachCigireacht ar fheithiclí nuair a theastaíonnOifigí mótarháin a oibriú

Chomh maith le teagmháil tríd an bpost, fón agus ríomhphost, seachadtar ár seirbhísí trí thrí oifig atá suite go straitéiseach i Maigh Eo, is é sin:

01 Páirc an Ghleanna, An Meal, Caisleán an Bharraigh	02 Oifigí Cathartha, Béal an Átha	03 Ionad Cathartha Bhéal an Mhuirthead Béal an Mhuirthead
--	---	--

BUAICPHOINTÍ 2018

- Bailíodh €9,735,779 i mótarháin ónár n-oifigí agus is ionann é seo agus aon trian d'iomlán an ioncain ó mhótarháin i Maigh Eo in 2018. Bailíodh an t-iarmhéid ar líne ar www.motortax.ie
- Reáchtáladh 59,801 idirbheart ar fud na dtrí oifig, 60% i gCaisleán an Bharraigh, 28% i mBéal an Átha agus 12% i mBéal an Mhuirthead
- Is mar seo a leanas atá an briseadh síos ar iomlán na suimeanna a bailíodh agus líon iomlán na n-idirbheart, i ngach ceann d'Oifigí Mótarháin Mhaigh Eo le linn 2018:

Oifig	Luach	Líon na n-idirbheart
Caisleán an Bharraigh	€5,985,810	35,866
Béal an Átha	€2,644,598	16,599
Béal an Mhuirthead	€1,105,371	7,336


2018 I BHFIGIÚIRÍ

Tá sé measta ag an Roinn Iompair go bhfuil 98% de na háiseanna athnuachana ar fáil le comhlánú ar líne.



2018 | NGRIANGHRAIF







COMHAIRLE NA BLIANA 2018



Nótaí

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Comhairle Contae Mhaigh Eo

Foilseachán de chuid Rannóg Cumarsáide Chomhairle Contae Mhaigh Eo

AGUISÍN

AGUISÍN I–VI

AGUISÍN 1

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Réigiún Thoir Thuaidh, Oifigí Cathartha, Plás Arran, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo.
Fón: (096) 76100 / 76101
Facs: (096) 76198 / 79199
ballinaao@mayococo.ie

11 Iúil 2019

Chuíg: Cathaoirleach agus Comhaltaí Cheantar Bardasach Bhéal an Átha

A Chomhalta, a chara,

Is mór an phribhléid dom Tuarascáil Bhliantúil 2018 a chur in bhur láthair. Tugtar achoimre sa Tuarascáil seo ar obair na Comhairle chun seirbhísí poiblí agus tionscadail bhonneagair a sheachadadh le linn na bliana i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha. Mar Chomhairle, leanann muid d'éifeachtúlachtaí suntasacha a chur ar fáil agus leibhéal comhsheasmhach seirbhíse a choinneáil.

Tá ról ollmhór ag an gComhairle i bhforbairt agus rath an Cheantair agus cé go raibh mórán dúshlán i gceist in 2018, bliain fíorghníomhach, tairbheach agus rathúil a bhí ann don Cheantar.

Rinne muid gach iarracht tacú leis an mórán grúpaí agus eagraíochtaí deonacha agus pobalbhunaithe atá againn sa Cheantar seo a dhéanann obair chomh mór agus luachmhar is a dhéanann. Le leithdháileadh an mhaoinithe in 2018 faoi roinnt scéimeanna amhail Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte agus CLÁR, tugadh borradh a raibh géarghá leis dár bpobail bheaga. Bhí an-áthas orainn chomh maith fáilte a chur roimh an bhféile bhríomhar Other Voices go Béal an Átha i mí Mheán Fómhair agus bhí réimse leathan aionna náisiúnta agus idirnáisiúnta i láthair. Tá Béal an Átha ag súil leis seo a óstáil arís in 2019.

Leagadh cúraimí Cheannasaí Cheantar Bardasach Bhéal an Átha ar an Uasal Declan Turnbull i mí Eanáir 2019 in áit an Uasail Marie Crowley a ceapadh chun Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Declan chuig an gCeantar agus buíochas a ghabháil le Marie as an tseirbhís a thug sí.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil le comhaltaí foirne uile na Comhairle as ucht a gcuid oibre déine agus a dtiomantas, agus ba mhaith liom gach rath a ghuí ar gach duine a chuaigh ar scor in 2018.

Tá mé ag súil le leanúint de bheith ag obair libh chun freastal ar riachtanais shaoránaigh Cheantar Bardasach Bhéal an Átha.

Carmel Murphy
Ceannasaí Cúnta Cheantar Bardasach Bhéal an Átha

www.mayococo.ie

Comhairle Contae Mhaigh Eo

Réigiún an Oirthuaiscirt, Oifig Chathartha, Plás Arran, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo

Tithíocht

Stoc Tithíochta

Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí 618 aonad de stoc tithíochta i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha. Is ionann an figiúr seo agus méadú 10 maoín ó 2017, a bhfuair an Chomhairle 7 gcinn díobh – 1 cheann amháin i gceantar Bhéal Átha na Muice agus 6 cinn i gceantar uirbeach Bhéal an Átha. Bhí 4 cinn de thógálacha nua i gCorrán Mhuire, Béal an Átha. Ceannaíodh 1 aonad cónaithe faoin Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí.

Tionóntachtaí

Leithdháileadh iomlán de 35 tionóntacht bhuan in 2018. Bhíothas in ann na maoine seo a sholáthar trí 7 maoín a fháil, 4 thógáil nua a chur i gcrích agus athchóiriú agus athúsáid tháirgiúil as tithe folmha trí ‘chlár na dtithe folmha’, in éineacht le maoine a fágadh folamh i rith na bliana.

Athlonnú Dídeanaithe

De réir pholasaí an Rialtais agus na spriocanna a leagadh amach le haghaidh Chontae Mhaigh Eo, cuireadh lóistín ar fáil 2 theaghlach i mBéal an Átha i mí na Bealtaine 2018.

Trí Ghrúpa Idirghníomhaireachta, faoi chathaoirleacht Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus a bhfuil ionadaithe air ó na gníomhaireachtaí uile ag obair sa réimse seo, lena n-áirítear baill foirne ó Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo i mBéal an Átha agus ón Lár-Oifig Tithíochta agus Oibrí Acmhainne do Dhídeanaithe, cinntíodh gur aistrigh teaghlaigh dídeanaithe isteach sa cheantar go réasúnta réidh.

Mar thoradh ar thacaíocht leanúnach ón Oibrí Acmhainne do Dhídeanaithe, chomhtháithigh na teaghlaigh isteach i sochaí na hÉireann go rathúil.

Easpa Dídine i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha

Bhí líon mór aighneachtaí ar easpa dídine i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha i gcaitheamh na bliana.

Tá cúinsí éagsúla ag baint le haighneachtaí easpa dídine, idir Fhógraí chun Imeachta, athshealbhuíthe bainc, drochlóistín, foréigean baile srl. Déantar meastóireacht ar shuíomh an chliaint de réir na gcatagóirí neamhéigeandála, riachtanas éigeandála gearrthéarmach agus riachtanas éigeandála fadtéarmach.

I gcás cliant a ndearnadh measúnú orthu go bhfuil riachtanas éigeandála fadtéarmach acu, tairgtear lóistín éigeandála i bhfoirm Comhaontuithe Airíocha laistigh den stoc lóistín ainmnithe éigeandála ar bhonn seachtain go seachtain. Ligeann sé seo do na cliant Lóistín Príobháideach eile faoi Chíos a fháil lena áitiú go fadtéarmach. Coinnítear teagmháil leanúnach leis an gcliant agus cuirtear tacaíocht leanúnach ar fáil go laethúil chun cabhrú nuair is féidir. Tá sé ríthábhachtach a bheith ag plé le Tiarnaí Talún, an FSS, An Garda Síochána agus le hOibrithe Sóisialta nuair atá lóistín príobháideach fadtéarmach ar cíos á fháil le haghaidh na gcliant.

Taobh istigh de Cheantar Bardasach Bhéal an Átha, tá 6 cinn d'aonaid ar fáil taobh istigh dár stoc chun cóiríocht a thabhairt do chliaint a dteastaíonn lóistín éigeandála uathu ar bhonn níos fadtéarmaí. Thosaigh muid amach le 2 aonad in 2015 agus tháinig méadú ar an uimhir seo gach bliain. Feistítear earraí bána agus leapacha sna haonaid agus tá siad suite ag 6 shuíomh ar fud an Cheantair.

Déileáladh le breis agus 80 aighneacht ar easpa dídine i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha in 2018, lena n-áirítear 49 aighneacht nua. Ba aighneachtaí an athuir iad cuid díobh agus déileáladh leo ar an gcaoi chéanna gach uair a rinneadh aighneacht.

Tugadh lóistín gearrthéarmach do 4 díobh.

Tá sé cruthaithe go bhfuil tairbhe ag baint le hidirchaidreamh le hOifigeach Cothaithe Tionóntachtaí Chomhairle Contae Mhaigh Eo le cinntiú go gcuirtear gach tacaíocht atá ar fáil dóibh siúd atá gan dídean nó dóibh siúd atá i mbaol a bheith gan dídean, d'fhonn cabhrú tionóntachtaí a chothú. Tá Ceantar Bardasach Bhéal an Átha an-rathúil ó thaobh cabhrú le daoine agus iad a bhogadh ar aghaidh chuig lóistín príobháideach ar cíós le tacaíocht ón Oifigeach Cothaithe Tionóntachtaí, in ainneoin na ndeacrachtaí sa mhargadh cíosa phríobháidigh.

Iasachtaí Tithíochta

Le linn 2018, cabhraigh Ceantar Bardasach Bhéal an Átha le 8 gcinn de theaghlaigh de bheith ina n-úinéirítí, faoi Scéim Iasachtaí Tithíochta na Comhairle. Ar an iomlán ceadaíodh 8 gcinn d'iasachtaí tithíochta i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha, briste síos mar seo a leanas:

CUSPÓIR NA HIASACHTA	Líon na gCeaduithe	Luach na gCeaduithe
Tógáil Nua	2	€358,000
Ceannach Tí	6	€818,500
Atógáil	1	€15,000
Iomlán	8	€1,191,500

Chomh maith leis sin, fuair Ceantar Bardasach Bhéal an Átha 7 gcinn d'iarratais ó thionóntaí chun a n-aonaid chónaithe a cheannach faoin Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí 2016 (Incriminteach). Chabhraigh muid trí cheadú iasachta a thabhairt i leith iarratasóir amháin a mhaoin a cheannach faoin Scéim.

Deontais Cheantar Bardasach Bhéal an Átha

Cineál an Deontais	Líon ceadaithe	Luach ceadaithe	Líon íoctha	Luach
Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	54	€198,333.90	46	€153,002.28
Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta	24	€233,907.90	22	€171,908.74
Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	40	€144,395.63	45	€153,919.52
Iomlán	118	€576,637.43	113	€478,830.54

Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

Feabhsú Sráidbhaile an Chnoic Mhóir

Leithdháil leadh maoiniú in 2018 ón Leithdháil leadh Ginearálta Bardasach agus ón Scéim Rannpháirtíochta Pobail i leith oibreacha feabhsaithe sráidbhaile ar an gCnoc Mór. Is éard a bhí sna hoibreacha ná cosáin nua a sholáthar mar aon le balla teorann cloiche, plandú crann, soilsiú poiblí, tras rian coisithe agus ceansú tráchta. Tagann na hoibreacha go deas leis an bhforbraíocht tithíochta nua.

	D'oibrigh an Chomhairle i gcomhar leis an gcaoltóir náisiúnta, RTÉ, agus leis an láithreoir Ryan Tubridy chun a chuart ar Bhéal an Átha a éascú le haghaidh craoladh seachtrach i mí na Bealtaine 2018 dírithe ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

	<p>Cuireadh oibreacha uasghrádaithe i gcrích ar charrchlós Shráid Teeling agus plandaíodh crainn agus tugadh isteach spásanna páirceála aoisbháúil.</p>
<p>Nochtadh na deilbhe comórtha Cailíní an Ghorta Mhóir ar Shráid an Phiarsaigh. I mBéal an Átha i mí Dheireadh Fómhair 2018, tugadh onóir do láidreacht agus crógacht an 140 cailín ó cheithre cinn de thithe na mbocht i Maigh Eo agus a cuireadh chun na hAstráile idir 1845 agus 1850,</p> <p>Nochtaíodh cuimhneachán deas do na cailíní ar Shráid an Phiarsaigh, gar don leabharlann agus tá sé ina shainchomhartha cheana féin ar phríomhshráid Bhéal an Átha.</p>	
	<p>Tugadh isteach teorainneacha luais ar fud an chontae tar éis comhairliúchán poiblí.</p> <p>Fuair Scoil Náisiúnta Chuan Neill teorainn luais shealadach speisialta.</p>
	<p>Feistíodh comharthaí aiseolais do thiománaithe i sráidbhaile Mhuine Chonalláin.</p>

Acomhal athailínithe agus feabhsaithe ag Bóthar na Céibhe/Bóthar Greggs	Síneadh leis an soirsiú poiblí agus an cosán ar Bóthar na Beithí
Atreisiúchán líontáin agus láidriú an bhóthair réigiúnaigh R310 ag na Raithíní, Béal an Átha.	Athailíniú ar acomhal an R314/L5191 i gCill Ala curtha i gcrích i mí Aibreáin 2019.

- Síneadh leis an gcóras soilsithe poiblí le soilse LED ar Bóthar na hEaglaise
- Cosáin i sráidbhaile Bhaile an Chaisil.
- Oibreacha feabhsaithe cosáin ag acomhal Bóthar an Treana Láir.

Ainmniú Lánaí:

- Tugadh Lána na bhFrancach ar an lána idir Sráid an Phiarsaigh agus an Dún Míleata.
- Tugadh Lána an Dochtúir Kathleen Lynn ar an lána idir Sráid Uí Rathaile agus carrchlós Shráid Teeling.

Cruthaíodh lána nua do choisithe idir Sráid Uí Rathaile agus carrchlós Shráid Teeling, rud a chuireann tréscailteacht ar fáil i lár an bhaile. Leis seo tá rochtain anois ar chlós stairiúil agus áirítear leis pábháil, soilsiú agus troscán sráide. San áireamh sa tionscadal chomh maith tá boscaí bruscair do bhruscar measctha tirim in-athchúrsálailte agus boscaí dlúthaithe gréine, racaí rothar, pointí luchtaithe gréine d'fhóin phóca agus tobar uisce ólacháin poiblí.

Dearadh scéim nua soilsithe in 2018 chun Áirse Bhéal Leice a shoilsiú, ar Struchtúr Faoi Chosaint í a tógadh timpeall 1825 go 1831.

Ceadaíodh muirir nua páirceála carranna ag an gcruinniú ar an 9 Iúil 2018 agus tugadh isteach iad sa dara leath de 2018.

Iompraíodh líon mór lann ollmhór le haghaidh muilte gaoithe ar Fheirm Ghaoithe Abhainn Eidhneach trí Bhéal an Átha in 2018. Mar gheall ar mhéid na n-ualach, ba ghá an troscán sráide a bhí ann cheana a bhogadh agus na córais reatha tráchta a leasú, rud a chothaigh cur isteach ar ghnóthaí agus cónaitheoirí ar feadh an bhealaigh.

Bainistíocht Forbartha

Forbraíochtaí Chuid 8

Cheadaigh na Comhaltaí na tograí Chuid 8 seo a leanas in 2018:

- tógáil ar 10 gcinn d'aonaid chónaithe ag Sliabh Rua, Béal Easa, Contae Mhaigh Eo.
- tógáil ar 27 ceann d'aonaid chónaithe ag Bóthar Chill Cheallaigh, Béal Átha na Muice, Contae Mhaigh Eo.

Fáiltithe Cathartha.

- Fáiltiú Cathartha le haghaidh toscairí Francacha ar cuairt ó Remiremont le haghaidh imeacht Humbert i mBéal an Átha le linn an deireadh seachtaine den 26 Deireadh Fómhair 2018.
- Fáiltiú Cathartha chun mar aitheantas ar ghradam Bhéal an Átha mar an mBaile Mór Is Slachtmhaire in Éirinn, 2018 ag Gradaim na mBailte Is Slachtmhaire.

Cleamhnais Bailte

I mí Dheireadh Fómhair 2018, chuir Béal an Átha fáilte roimh chriú scannánaíochta ó Athis-Mons agus iad i bpríomhbhaile Mhaigh Eo Thuaidh chun eolas a bhailiú le haghaidh gearrscannáin ‘Steven Kennedy – saighdiúir Éireannach sa Chogadh Mór’. Ba as Béal an Átha don Saighdiúir Singil Kennedy agus ba é an chéad saighdiúir a fuair bás sa Fhrainc le linn an Chéad Chogadh Domhanda. Tá an Saighdiúir Singil Kennedy curtha i Reilig Athis-Mons. Bhí tábhacht speisialta ag baint leis an tionscadal an fómhar seo caite, mar gheall gurb é Samhain 2018 an comóradh céad bliain ar an Sos Cogaidh, a chuir deireadh le naimhdeas sa Chogadh Mór.

Ghlac an Comh. Smyth, Cathaoirleach, páirt i Searmanas Comórtha in onóir na saighdiúirí a maraíodh sa Chéad Chogadh Domhanda, lena n-áirítear duine de bhun Bhéal an Átha, Stephen Kennedy, in Athis-Mons ar an 11 Samhain 2018.

Toscairí ó Pittsfield

Bronnadh ar Mhéara Leeds.

Seirbhísí Comhshaoil

Glantachán Sráide

Tá fóirtheacht ag baint le cur i láthair na mbailte don Chomhairle. Lean na criúnna glantacháin sráide de na bailte sa Cheantar a chur i láthair ar bhealach álainn agus bhí toradh a gcuid oibre le brath ag lucht siopadóireachta, cuairteoirí agus cónaitheoirí i rith na bliana.

Ionaid adhlactha

- Uasghrádú ar an mbóthar rochtana don Ghleann Dubh curtha i gcrích.
- Geataí nua do Bhaile an Chaisil suiteáilte.
- Cosáin nua do Chill Ala, Cill Aodháin agus an Trian Láir curtha i gcrích.
- Grádú agus tírdhreachú curtha i gcrích ag reilig Chrois Mhaoilíona.

Oibreacha ag Ionad Adhlactha Chill Aodháin

Oibreacha ag Ionad Adhlactha Chill Ala

Turnamh ag uaimh thalún i reilig Ráth Bhrannaibh.

Bhí an Chomhairle páirteach sa ghlanadh suas ar dhoirteadh ola ar an Muaidh, rud a theastaigh sail bharra a chur san uisce chun é a choinneáil istigh, in éineacht le monatóireacht an lá uile le cinntiú gur fhan sé ann.

Tabhairt isteach an fheachtais maidir le salú madraí i gceantair i mbaile Bhéal an Átha. Is éard atá i gceist leis seo ná sprae buí in-bhithmhille a spraeáil ar an gcac madra chun aird a tharraingt air. Spraeáiltear stionsail ar na cosáin freisin.

Áineas agus Áiseanna

Príomhghníomhaíochtaí 2018

- Lean an Ceantar Bardasach de bheith ag obair leis na Coistí Bailte/Sráidbhailte Slachtmhara ar fud an Cheantair Bhardasaigh.
- Leanadh le cothabháil ar na páirceanna agus clóis súgartha uile sa Cheantar.
- D'oibrigh le Comhlachas Tráchtála Bhéal an Átha agus le heagraíochtaí eile chun an Ceantar Bardasach a chur chun cinn.

An Baile Mór Is Slachtmhaire in Éirinn, 2018

Bronnadh an gradam An Baile Mór Is Slachtmhaire in Éirinn, 2018 ar Bhéal an Átha, agus bhí iomaíocht dhian ann chun an gradam a bhaint amach.

Deontais

Bronnadh maoiniú €3.2 milliún ar an Dún Míleata i mBéal an Átha faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU) in 2018 agus táthar ag súil leis go mbeidh sé de thoradh air go gcruthófaí 210 post taobh istigh de thrí bliana, agus mol digiteach agus ionad nuálaíochta ag feidhmiú mar spreagadh le haghaidh athghiniúint uirbeach an bhaile agus an cheantair mháguaird.

Scéim Bailte agus Sráidbhailte 2018

Foirgneamh Pobail Chrois Mhaoilíona agus páirc sacair	€40,000
Comhairle Pobail Mhaigh Ghamhnach	€68,258
Comhlacht Forbartha Áiseanna Bhéal Átha na Muice	€43,357

Maoiniú CLÁR 2018

Scoil Náisiúnta Áth Tí an Mheasaigh	€50,000
Scoil Náisiúnta Mount Palmer	€29,616
Scoil Náisiúnta Naomh Iósaf, Áth Tí an Mheasaigh	€50,000

Tógáil an charrchlóis ag Scoil Mount Palmer, maoinithe faoi Scéim CLÁR 2018.

Gradam na mBratach Glas do Pháirceanna

Bronnadh Gradam an Bhrataigh Ghlais do Pháirceanna mór le rá ar Ghairdín Cuimhneacháin Sheáin Uí Chléirigh in 2018 agus is é an t-aon cheann as 48 páirc agus gairdín ar fud Phoblacht na hÉireann a bhain an t-ardmholadh seo amach.

Plean Pailneora

Chláraigh Comhairle Contae Mhaigh Eo don ‘Chomhpháirtíocht Comhairlí le Plean Pailneora Uile-Éireann’. I mbailte Bhéal an Átha, sainithníodh 11 láthair ard éard atá iontu ná meascán de limistéir phríobháideacha, údaráis áitiúil, gnó, eaglaise agus pobail, lena n-úsáid mar Chonairí Beach-Bháúla agus cuirfear iad seo chun cinn an bhliain seo chugainn. Tá bainistiú le déanamh ar na limistéir ar bhealach atá ‘Báuil do Phailneoirí’, agus tá 5 ghníomh sainaitheanta ar fud na láithreacha.

Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas

Clár Cuan Iascaigh agus Forbartha Bonneagair Cósta, 2018

Láthair an Deontais	Cur síos ar an Tionscadal	Costas an Tionscadail
Cuan Chill Ala	Suiteáil comharthaí nua loingseoireachta ar chainéal an bhealaigh isteach láithrigh chuig Cuan Chill Ala. Deisiúchán ar an gcuid lochtach/a bhfuil an bonn bainte den phríomhché. Oibreacha sábháilteachta.	€120,000
Cé Ráth Leacáin	Deisiúcháin bhreise agus atógáil ar dheic an chuain agus an mhuirmhúir. Oibreacha sábháilteachta lena n-áireofar dréimírí agus ráillíciumhaise.	€150,000
Cuan Bhéal an Átha	Feabhsú/uasghrádú/athsholáthar na gcomharthaí loingseoireachta ar chainéal an bhealaigh isteach feadh na Muaidhe ó Cuan Chill Ala go Cuan Bhéal an Átha. Oibreacha feabhsaithe/uasghrádaithe/athsholáthair do na 150 múraíl reatha, de réir mar a theastaíonn.	€30,000

Seoladh an pontún nua ar snámh ag an gCéibh i mBéal an Átha in 2018. Tá an pontún suite i gceann de na háiteanna is áille sa bhaile ar an mbruach thoir den Mhuaidh, áit a bhfuil radhairc dheasa agus suaimhneas le fáil ann.

Seirbhísí Ilghnéitheacha

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach 2018

Cathaoirleach: An Comh. Michael Smyth.

Leas-Chathaoirleach: An Comh. Annie May Reape

Cruinnithe Cheantar Bardasach Bhéal an Átha

Reáchtáladh 13 cinn de chruinnithe de Cheantar Bardasach Bhéal an Átha le linn 2018, agus reáchtáladh 4 cinn díobh sna láithreacha seo a leanas:

- Ionad an Athar Peyton, Áth Tí an Mheasaigh.
- Ionad Pobail Mhuine Chonalláin.

Rinneadh na cuir i láthair seo a leanas ag cruinnithe an Cheantair le linn na bliana:

- An tUasal Anne Marie Flynn, Bainisteoir, Oifig Fógraíochta Mhaigh Eo Thuaidh.
- An tUasal Sean Walshe, Bainisteoir, Ionad Ealaíon Bhéal an Átha.
- An tUasal Anne McCarthy, Oifigeach Ealaíon, Comhairle Contae Mhaigh Eo maidir leis an bhFéile Ealaíon Other Voices.
- An tUasal Deirdre Donnelly, Comhordaitheoir Sláinte agus Leasa le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, a rinne cur i láthair ar an tionscadal píolótach Béal an Átha Sláintiúil.

Thacaigh na Comhairleoirí leis na leásaí seo a leanas in 2018:

- Comhaontú léasa 5 bliana idir Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Men's Shed Bhéal an Átha, i ndáil leis an iarpictiúrlann Astoria ar Shráid Teeling, Béal an Átha.
- Comhaontú léasa 7 mbliana idir Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Coiste Bhéal Easa maidir leis an gCéad Chogadh Domhanda i ndáil le talamh ag Proanáid an Aimiréil Brown.

Féilte agus imeachtaí

Lean Ceantar Bardasach Bhéal an Átha le tacaíocht leanúnach a thabhairt d'fhéilte agus imeachtaí an Cheantair ar cuid lárnach iad de shaol sóisialta, cultúrtha agus geilleagrach ár gceantair. D'oibrigh an Chomhairle i ndlúthchomhar le Mayo Destination North chun an Ceantar a chur chun cinn. Tá buntáistí an chomhoibrithe ag tosú ar thoradh suntasach dearfach a chur ar fáil don turasóireacht, agus leanfar leis seo in 2019.

Ceolchoirm Other Voices

I mí Mheán Fómhair 2018, bhí an t-ádh ar Bhéal an Átha fáilte a chur roimh cheann de na féilte ceoil is mó le rá agus is mó moladh nuair a reáchtáladh babhta de Other Voices.

Cuireadh tús leis an bhféile i nDaingean Uí Chúis 15 bliana ó shin agus tá sé fás tagtha air ó shin agus é anois ar cheann de na himeachtaí ceoil is mó le rá san fhéilire domhanda. Bhí an chuid is mó de na léirithe i Séipéal Naomh Micheál agus reáchtáladh na léirithe eile i dtithe tábhairne agus ionaid ar fud an bhaile. Rinneadh scannánú ar na léirithe os comhair lucht féachana beo sa séipéal ársa agus craoladh é mar chuid den tsraith teilifíse Other Voices ar RTÉ go luath in 2019.

Reáchtáladh an chomhdháil Ireland's Edge mar chuid den fhéile freisin, in Ionad Ealaíon Bhéal an Átha. .

Meastar gur thug an fhéile tuairim agus €1.5 milliún don bhaile atá tá próifíl an bhaile ardaithe go mór go hidirnáisiúnta.

Fáilte Abhaile Áth Tí an Mheasaigh	€200	Dé-Atlan Humbert	€1,000
10km Chlub Lúthchleasaíochta Bhéal an Átha	€100	In Humbert's Footsteps	€3,000
Rás 10 Míle an Atlantaigh Fhiáin ag Club Lúthchleasaíochta Bhéal an Átha	€100	Ceiliúradh Nollag Chill Ala	€200
Comhdháil Beiriste Bhéal an Átha	€200	Cill Ala Beo sa Marquee	€1,500
Ceiliúradh Comóradh 4 Bliana Parkrun Bhéal an Átha	€100	Rásaí Thrá Cheall	€1,000
Tionscadal Comharsanachta don Óige Bhéal an Átha	€200	Seoladh na Féile "Nollaig Bhéal an Átha"	€200
Lá Spraoi do Leanaí Rugbaí Bhéal an Átha	€100	Tóraíocht Taisce Carr an Lá Spraoi Teaghlaigh ag Lá Mhaigh Eo (Stephenites)	€200
Féile Bradáin Bhéal an Átha	€20,000	Féile Córúil Idirnáisiúnta Mhaigh Eo	€1,000
Paráid Lá Fhéile Pádraig Bhéal an Átha	€5000	Mayo Manchester Tradfest	€2,000
10km Bhéal Leice	€100	Rás Puitigh Mhaigh Eo	€500
Seó Talmhaíochta Mhuine Chonalláin	€1,000	Cuairt an Uasail Yeats ar Chill Ala	€250
Seachtain Fáilte Abhaile Mhuine Chonalláin	€700	Ceolchoirm Other Voices	€30,000
Leathmharatón Chósta Chéide Club Lúthchleasaíochta Bhaile an Chaisil	€400	Seó Talmhaíochta Bhéal an Átha	€1,000
Seó Talmhaíochta Chrois Mhaoilíona	€1,000	River Moy Half Marathon (Ltd.)	€500
Féile Phobail Chrois Mhaoilíona	€3,000	Route Millennia Mayo	€1,000
Turas Traenach an Choinín Cásca i gCoillte Bhéal Leice	€200	Féile Samhain Abhainn	€500
'Féile Soilse' Chrois Mhaoilíona	€1,000	Féile Sráide Siamsa Sráide	€4,000
Fleadh Bia (Béal an Átha)	€1,000	"Scéalta Scanrúla agus Liú Samhna" Bhailiúchán Sheáin Uí Chléirigh	€250
Aonach Gabhar Bhéal Easa	€1,500	Paráid Lá Fhéile Pádraig Bhéal Átha na Muice	€1,000
Riverfest Béal Easa	€2,500	250 Bhéal Átha na Muice	€1,000
Paráid Lá Fhéile Pádraig Bhéal Easa	€1,000	Seó Talmhaíochta Bhéal Átha na Muice	€1,000
Deireadh Seachtaine Bhéal Easa (Tradfest)	€750	Féile Sainghrúdaireachta Yeast Meets West	€500
Beacha Meala agus Pailneoirí	€500		

Tuarascáil Bhliantúil 2018

Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh

Seoladh:

Comhairle Contae Mhaigh Eo

Áras an Chontae, An Meal,

Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 WF90

Teagmháil:

Fón: 00353 94 902 4444

Idirlíon: www.mayo.ie

Rphost: castlebarao@mayococo.ie

Tithíocht

Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí 412 aonad de stoc tithíochta i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh. Leithdháileadh iomlán de 14 tionóntacht bhuan in 2018.

Bhí líon mór aighneachtaí ar easpa dídine i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh i gcaitheamh na bliana. Bhí 68 aighneacht ar easpa dídine in 2018

Íasachtaí Tithíochta

Le linn 2018, cabhraigh Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh le 4 cinn de theaghlaigh de bheith ina n-úinéirítí, faoi Scéim Íasachtaí Tithíochta na Comhairle. Chomh maith leis sin ceadaíodh 107 deontas faoi na scéimeanna éagsúla deontais

CUSPÓIR NA ÍIASACHTA	Líon na gCeaduithe	Luach na gCeaduithe
Tógáil Nua	0	€0
Ceannach Tí	4	€521,500
Atógáil	0	€0
Iomlán	4	€521,500

Cineál an Deontais	Líon Ceadaithe	Luach Ceadaithe	Luach Íoctha
Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	57	€218,035.04	€97,056.52
Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta	12	€33,160.85	€42,588.75
Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	38	€195,008.15	€108,997.07
Iomlán	107	€446,204.04	€248,642.34

Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá iomlán de 1,518km de bhóithre i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh, agus tá sé roinnte mar seo thíos idir Bóithre Náisiúnta, Bóithre Réigiúnacha agus Bóithre Áitiúla.

Mar chuid den chlár oibreacha a bhí idir lámha in 2017 agus a tugadh ar aghaidh isteach go 2018, leithdháileadh na suimeanna seo a leanas i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh.

Príomhbhóithre Náisiúnta	
Cothabháil Ghinearálta	€55,244
Bóithre Náisiúnta den Dara Grád	
Cothabháil Ghinearálta	€59,524
Mionoibreacha	
Cnoc na mBuachalán Theas	€500,000
Log na Muc	€550,000
Crois Mhaigh Nulla	€50,000
Feabhsuithe Pábhála	
Maigh Nulla	€1,091,280
Baile an Tobair	€1,924,800
Caisleán an Bharraigh – Bóthar Bhaile an Róba @ Gallagher	€440,000
Partraí	€3,100,000
Bóithre Réigiúnacha	
Cothabháil Ghinearálta	€274,820
Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe	
Gleann Aoláin	€234,600
Coillte Mach – Cill Cheallaigh	€252,960
Pontún, Caisleán an Bharraigh	€224,939
Bóthar Bhaile Uí Fhiacháin	€226,114
Oibreacha Eile Cothabhála	€70,200

Deontas Feabhsúcháin Sonrach	
Athailíniú Bhóthar/Dhroichead Ghleann Aoláin	€150,000
Na Raithíní, Bóthar Bhaile Uí Fhiacháin	€55,000
Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta	
Balla/Coillte Mach @ Béal an Átha Mhóir	€12,500
Oibreacha Athshlánúchain Droichid	
Droichead Dhoire na muc, Partraí	€60,000
Bóithre Áitiúla	
Cothabháil Ghinearálta	€956,296
Cóiriú Dromchla	€1,001,037
Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe	€1,971,087
Feabhsuithe ar Bhóithre Áitiúla	€30,853
Oibreacha Athshlánúchain Droichid	€60,000
Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta	€77,000
Oibreacha Draenála	€158,287
Leithdháileadh Fógra Tairisceana	€400,000

Bainistíocht Forbartha
Fáiltithe Cathartha.

Tugadh Fáilte Cathartha d'Fhoireann Shinsearach Peile na mBan Cheathrú na Con ar an 23 Márta 2018 chun ceiliúradh a dhéanamh ar a n-éacht Craobh na hÉireann a bhaint amach i bPeil na mBan Shinsearach in 2017.

Reáchtáladh Fáiltiú Cathartha d'Ord Mhálta Chaisleán an Bharraigh ar an 2 Samhain 2018 chun a gcomóradh 75 bliain a cheiliúradh.

Tugadh Fáiltiú Cathartha don Ollamh Tim McMahon, Uachtarán Comhdháil Mheiriceá sa Léann Éireannach agus an Dr. Matthew O'Brien, Ollamh Staire ag Ollscoil Steubenville i mí an Mheithimh 2018. Bhí an tOllamh McMahon agus an Dr. O'Brien i Maigh Eo chun aitheantas a thabhairt d'ionchur Thomas Larkin, a rugadh sa Dítireab, Béal Átha hÉin ó thaobh seachadadh an líonra teileafóin in Meániarthar Mheiriceá.

Mórtas Ceantair Buaithe ag Balla

